RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/379 ÓN gCOIMISIÚN

an 26 Feabhra 2025

lena leasaítear na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/2070 a mhéid a bhaineann le punanna tagarmharcanna, teimpléid tuairiscithe agus treoracha tuairiscithe atá le cur i bhfeidhm san Aontas maidir leis an tuairisciú dá dtagraítear in Airteagal 78(2) de Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE ([1]), agus go háirithe Airteagal 78(8), an tríú fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 78(1) de Threoir 2013/36/AE, ceanglaítear ar institiúidí a bhfuil cead acu cineálacha cur chuige inmheánacha a úsáid torthaí na ríomhanna ar a méideanna neamhchosanta ualaithe de réir riosca nó ar a gceanglais cistí dílse faoina gcineálacha cur chuige inmheánacha le haghaidh neamhchosaintí nó suíomhanna a áirítear sna punanna tagarmhairc a chur faoi bhráid a n-údaráis inniúil, ag minicíocht iomchuí, agus uair sa bhliain ar a laghad, ionas go mbeidh an t-údarás inniúil sin in ann measúnú a dhéanamh ar cháilíocht na gcineálacha cur chuige inmheánacha sin ('cleachtadh tagarmharcála'). De bhun Airteagal 78(3), an dara fomhír, den Treoir sin, ullmhóidh an tÚdarás Baincéireachta Eorpach ('ÚBE') tuarascáil chun cuidiú leis na húdaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cháilíocht chineálacha cur chuige inmheánacha na n-institiúidí, bunaithe ar thorthaí an chleachtaidh tagarmharcála. Sonraítear na ceanglais tuairiscithe le haghaidh an chleachtaidh tagarmharcála i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/2070 ón gCoimisiún ([2]) a leasaíodh roinnt uaireanta.. Chun léiriú a thabhairt ar na hathruithe ar fhócas mheasúnuithe na n-údarás inniúil agus thuarascálacha ÚBE, agus i bhfianaise na n-athruithe reachtacha i réimse an riosca margaidh, is gá na punanna tagarmhairc a thabhairt cothrom le dáta arís, mar aon leis na ceanglais tuairiscithe a leagtar síos sa Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

(2) Maidir le tagarmharcáil an riosca creidmheasa, ba cheart na treoracha a athrú chun cineál sainordaitheach na bparaiméadar riosca i dtaca le dóchúlacht mainneachtana (PD) agus caillteanas i gcás mainneachtana (LGD) a shonrú maidir leis an gcorrlach coimeádachais (MoC), forlíontán rialála, agus comhpháirteanna géarchoir (DWT), a d'fhéadfadh a bheith ina bhfoinse inathraitheachta sna samhlacha. Ina theannta sin, ba cheart a shonrú go gceanglaítear ar institiúidí aitheantóir na samhlacha arna shannadh ag an údarás inniúil a thuairisciú, rud a shimplíonn oibríochtú leithdháileadh na sonraí tuairiscithe.

(3) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/2795 ón gCoimisiún ([3]), cuireadh siar dáta chur i bhfeidhm na gceanglas cistí dílse nua le haghaidh riosca margaidh. Dá bhrí sin, níl na teimpléid le haghaidh chur chuige na samhlacha inmheánacha atá ann cheana á n-ionadú i gcás an chleachtaidh seo. Go comhthreomhar, ba cheart na teimpléid maidir le bailíochtú an chur chuige chaighdeánaithe a leathnú chun punanna breise a áireamh i gcomparáid le cleachtadh 2024, i gcás nach raibh ach ionstraimí rátaí úis faoin raon feidhme. Is é is aidhm dó sin maoirseacht leordhóthanach agus cur chun feidhme rianúil an chur chuige chaighdeánaithe nua a áirithiú, a úsáidtear chun an t-íosráta aschuir a ríomh.

([1]) IO L 176, 27.6.2013, lch. 338, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2013/36/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/2070 ón gCoimisiún an 14 Meán Fómhair 2016 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme maidir le teimpléid, sainmhínithe agus réitigh TF atá le húsáid ag institiúidí agus iad ag tuairisciú don Údarás Baincéireachta Eorpach agus do na húdaráis inniúla i gcomhréir le hAirteagal 78(2) de Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 2.12.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2016/2070/oj).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/2795 ón gCoimisiún an 24 Iúil 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le dáta chur i bhfeidhm na gceanglas cistí dílse le haghaidh riosca margaidh (IO L, 2024/2795, 31.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/2795/oj).

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/2070 a leasú dá réir sin.

(5) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme a chuir ÚBE faoi bhráid an Choimisiúin.

(6) Tá comhairliúcháin phoiblí oscailte déanta ag ÚBE maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, tá anailís déanta aige ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo ann agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí Baincéireachta arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]),

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/2070 mar a leanas:

(1) cuirtear an téacs atá in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn IV;

(2) cuirtear an téacs atá in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn V;

(3) cuirtear an téacs atá in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn VI;

(4) cuirtear an téacs atá in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn VII;

(5) cuirtear an téacs atá in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn X;

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Feabhra 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1093/oj).

IARSCRÍBHINN I

'IARSCRÍBHINN IV

TORTHAÍ – PUNANNA TAGARMHAIRC MAOIRSEACHTA

CUID I: TREORACHA GINEARÁLTA

CUID II: TREORACHA A BHAINEANN LE TEIMPLÉID

C 101 – Mionsonraí faoi neamhchosaintí i bPunanna Íosmhainneachtana de réir contrapháirtí

C 102 – Mionsonraí faoi neamhchosaintí i bPunanna Íosmhainneachtana

C 103 – Mionsonraí faoi neamhchosaintí i bPunann Ardmhainneachtana

C 105.01 – Sainmhíniú ar shamhlacha inmheánacha

C 105.02 – Mapáil samhlacha inmheánacha le punanna

C 105.03 – Mapáil samhlacha inmheánacha le tíortha

CUID I: TREORACHA GINEARÁLTA

1. Ní chuirfear faisnéis isteach ach amháin le haghaidh na gcontrapháirtithe agus na bpunann sin i gcás ina bhfuil ann do neamhchosaint iarbhír ar an dáta tagartha i bhfoirm Neamhchosaint Tosaigh nó Neamhchosaint tar éis maolú riosca creidmheasa. Ní chuirfear isteach contrapháirtithe agus punanna nach bhfuil ann do neamhchosaint ina leith ar an dáta tagartha.

2. Ní chuirfear faisnéis isteach ach le haghaidh na neamhchosaintí sin a d'fhormheas an t-údarás inniúil samhail inmheánach ina leith chun méideanna neamhchosanta atá ualaithe ó thaobh riosca (MNCUR) a ríomh. I dtábla C 101, ní thuairisceofar cóid chontrapháirtí a chríochnaíonn le 'STDA'. I gcás na gcód contrapháirtithe atá fágtha de theimpléad C 101 d'Iarscríbhinn I agus i gcás punanna tagarmharcála dá dtagraítear i dteimpléid C 102 agus C 103, eisiafar neamhchosaintí faoin gCur Chuige Caighdeánaithe agus neamhchosaintí ar cheadaigh an t-údarás inniúil lena mbaineann páirtúsáid shealadach nó páirtúsáid bhuan an Chur Chuige Chaighdeánaithe ina leith.

3. Na réimsí ina mbailítear faisnéis neamhbhainteach nó faisnéis nach bhfuil sainithe go maith, fágfar bán iad nó cuirfear an tásc 'NEAMHNÍ' isteach; tá feidhm aige sin freisin maidir le cainníochtaí atá ualaithe ó thaobh neamhchosaint ar mhainneachtain (EAD) nó paraiméadair nach féidir a ríomh. Ar an gcaoi chéanna, féadfar réimsí sonraí nach bhfuil tuairisciú sainordaitheach ann ina leith a fhágáil bán nó a chur isteach mar 'NEAMHNÍ'. Ní thuairisceofar luachanna nialais ach amháin i gcás inarb é an rún cainníocht nó paraiméadar nialais a thuairisciú. Ní úsáidfear ceachtar de na tásca 'bán' ná 'NEAMHNÍ' chun cainníochtaí nó paraiméadair a thuairisciú arb ionann iad agus nialas.

4. Tuairisceofar méideanna airgeadaíochta ar an mbealach céanna a thuairiscítear iad chun ceanglais cistí dílse a ríomh ar dháta tagartha sonrach i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451 ([1]) ón gCoimisiún

([1]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme i dtaca le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tuairisciú maoirseachta institiúidí agus lena n aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014 (IO L 97, 19.3.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/451/oj).

C 101 – Mionsonraí faoi neamhchosaintí i bPunanna Íosmhainneachtana de réir contrapháirtí

Eisiafar neamhchosaintí ar iasachtú speisialaithe.

Colún	Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
0010	Cód Contrapháirtí	Teimpléad C 101, colún 0010, d'Iarscríbhinn I	Tuairisceofar cód contrapháirtí theimpléad C 101, colún 0010, d'Iarscríbhinn I, ina sainítear an contrapháirtí a áirítear i bpunanna samplacha punainne íosmhainneachtana. Is éard a bheidh sa chód sin aitheantóir ró agus beidh sé uathúil i gcás gach ró sa teimpléad.
0020	Aicme neamhchosanta	Pointe 76 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451	Déanfar gach contrapháirtí a shannadh do cheann de na haicmí neamhchosanta seo a leanas: (a) Bainc cheannais agus rialtais láir; (b) Institiúidí; (c) Corparáidí – FBManna (fiontair bheaga agus mheánmhéide); (d) Corparáidí – Iasachtú speisialaithe; (e) Corparáidí – Eile; (f) Miondíol – Arna urrú le réadmhaoin FBManna; (g) Miondíol – Arna urrú le réadmhaoin neamh-FBManna; (h) Miondíol – Imrothlach cháilitheach; (i) Miondíol – FBManna eile; (j) Miondíol – Fiontair eile nach FBManna iad; (k) Neamhbhainteach Úsáidfear 'Neamhbhainteach' i gcás nach bhfuil feidhm ag aon fhreagra sa liosta, arb é an cás más rud é go bhfuil neamhchosaintí le contrapháirtí aicmithe in aicmí neamhchosanta iomadúla, gan aon cheann amháin acu a bheith ceannasach go soiléir.
0040	Rátáil		Tuairisceofar rangú an ghráid rátála inmheánaigh a shanntar don chontrapháirtí laistigh de scála rátála inmheánach is infheidhme na hinstitiúide. Leanfaidh sé an t-ord uimhriúil 1, 2, 3, etc., ón riosca is ísle go dtí an riosca is airde seachas mainneachtainí ag a bhfuil dóchúlacht mainneachtana (PD) a chomhfhreagraíonn do 100 %. I gcás ina n-úsáidfidh institiúid scála rátála leanúnach i gcomhréir le hAirteagal 169(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), úsáidfear na gráid rátála mar a thuairiscítear iad i gcolún 0005 de theimpléad C 08.02 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451 ón gCoimisiún. I gcás inar sannadh neamhchosaintí do chontrapháirtí do ghráid rátála iomadúla i gcomhréir le hAirteagal 172(1), pointe (e)(i) nó (iii), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, tuairisceofar an grád rátála nialais (0).

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/575/oj).

Colún	Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
0050	Dáta rátáil is déanaí an chontrapháirtí		Tuairisceofar dáta rátáil is déanaí an chontrapháirtí.
0060	PD	Teimpléad C 08.01, colún 0010, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451	Tuairisceofar an PD a shanntar don chontrapháirtí. Is é an PD an PD a úsáidtear chun MNCUR a ríomh, gan éifeacht na mbeart arna ndéanamh i gcomhréir le hAirteagal 458 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a áireamh. Sloinnfear an PD mar luach idir 0 agus 1.
0070	Stádas mainneachtana		Tuairisceofar stádas mainneachtana an chontrapháirtí. Is ceann de na cinn seo a leanas a bheidh ann i gcomhréir le hAirteagal 178 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013: (a) Mainneachtana; (b) Neamh-mhainneachtana.
0080	An neamhchosaint tosaigh roimh chur i bhfeidhm na bhfachtóirí coinbhéartachta	Teimpléad C 08.01, colún 0020, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451	Tuairisceofar luach na neamhchosanta tosaigh sula gcuirtear san áireamh aon choigeartú luacha, soláthairtí, éifeachtaí de bharr teicnící um maolú riosca creidmheasa nó fachtóirí coinbhéartachta.
0090	Neamhchosaint tar éis iarmhairtí ar ionadú i ngeall ar mhaolú riosca creidmheasa, roimh fhachtóirí coinbhéartachta a chur i bhfeidhm	Teimpléad C 08.01, colún 0090, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451	Tuairisceofar an méid a gcuirtear fachtóirí coinbhéartachta ('CCFanna') i bhfeidhm ina leith chun an EAD a fháil (colún 0110). Déanfar sin agus teicnící um maolú riosca creidmheasa a bhfuil iarmhairtí ar ionadú ionadaíochta acu ar an neamhchosaint á gcur san áireamh.
0100	CCF	Airteagal 166(8) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	Tuairisceofar meán ualaithe na CCFanna. Is iad na hualaí a úsáidfear na méideanna a gcuirtear CCFanna i bhfeidhm orthu chun EAD a fháil. I gcás contrapháirtithe nach gcomhfhreagraíonn a saoráidí ach do na hítimí dá dtagraítear in Airteagal 166(8) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, beidh meán ualaithe tuairiscithe na CCFanna bunaithe ar na saoráidí uile. I gcás contrapháirtithe nach dtagann a saoráidí faoi na hítimí dá dtagraítear in Airteagal 166(8) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, fágfar an CCF bán nó cuirfear an tásc 'NEAMHNÍ' isteach.

Colún	Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
			I gcás contrapháirtithe a bhfuil saoráidí acu a chomhfhreagraíonn d'ítimí dá dtagraítear in Airteagal 166(8) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 chomh maith le saoráidí nach dtagann faoi na hítimí dá dtagraítear in Airteagal 166(8) den Rialachán sin, beidh meán ualaithe tuairiscithe an CCF bunaithe ar na saoráidí a chomhfhreagraíonn d'ítimí dá dtagraítear in Airteagal 166(8) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, agus ar na saoráidí sin amháin. Go háirithe, ní mheasfar saoráidí a chomhfhreagraíonn d'ítimí dá dtagraítear in Airteagal 166(10) den Rialachán sin sa ríomh. I gcás ina gcuireann an institiúid meastacháin dhílse ar CCFanna i bhfeidhm le haghaidh na n-ítimí dá dtagraítear in Airteagal 166(8) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a chur i bhfeidhm, úsáidfear na CCFanna sin chun meán ualaithe na CCFanna a ríomh. I gcás nach gcuireann an institiúid meastacháin dhílse ar CCFanna i bhfeidhm le haghaidh na n-ítimí dá dtagraítear in Airteagal 166(8) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, úsáidfear na CCFanna rialála a thugtar in Airteagal 166(8) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Sloinnfear CCF mar luach idir 0 agus 1.
0110	EAD (neamhchosaint ar mhainneachtain)	Teimpléad C 08.01, colún 0110, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451	Tuairisceofar luach na neamhchosanta.
0120	Luach na comhthaobhachta	Teimpléad C 08.01, colúin 0150 agus 0210, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451	Tuairisceofar margadhluach na comhthaobhachta.
0130	LGD hyp neamhurraithe sinsearach gan gealltán diúltach	Airteagal 161 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	Meastacháin dhílse hipitéiseacha an chaillteanais i gcás mainneachtana (LGD) a chuirfeadh an institiúid i bhfeidhm ar neamhchosaintí don chontrapháirtí, tuairisceofar iad sna cásanna seo a leanas: (a) is ionann raon feidhme na neamhchosaintí agus an luach LGD a thuairiscítear i gcolún 0150; (b) is neamhchosaintí sinsearacha agus neamhurraithe iad; (c) níl aon ghealltán diúltach i bhfeidhm. Is éard atá i ngealltán diúltach clásal ina luaitear nach ngeallfaidh an t-iasachtaí ná an t-eisitheoir fiachais aon cheann dá shócmhainní do pháirtí eile.

Colún	Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
0140	LGD hyp neamhurraithe sinsearach a bhfuil gealltán diúltach ag gabháil leis	Airteagal 161 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	Meastacháin dhílse hipitéiseacha an LGD a chuirfeadh an institiúid i bhfeidhm ar neamhchosaintí don chontrapháirtí, tuairisceofar iad sna cásanna seo a leanas: (a) is ionann raon feidhme na neamhchosaintí agus an luach LGD a thuairiscítear i gcolún 0150; (b) is neamhchosaintí sinsearacha agus neamhurraithe iad; (c) tá gealltán diúltach i bhfeidhm. Is éard atá i ngealltán diúltach clásal ina luaitear nach ngeallfaidh an t-iasachtaí ná an t-eisitheoir fiachais aon cheann dá shócmhainní do pháirtí eile.
0150	LGD	Teimpléad C 08.01, colúin 0230 agus 0240, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451	Tuairisceofar meán EAD-ualaithe luachanna LGD na neamhchosaintí don chontrapháirtí. Is iad na LGDanna na LGDanna a úsáidtear chun MNCUR a ríomh. Go sonrach, i gcás ina mbeidh cead faighte ag an institiúid óna húdarás inniúil chun meastacháin dhílse a úsáid le haghaidh LGDanna, beidh na LGDanna bunaithe ar mheastacháin dhílse na hinstitiúide, agus i gcás eile beidh na LGDanna bunaithe ar luachanna LGD rialála agus an maolú riosca is infheidhme á chur san áireamh. Áireofar LGDanna d'eintitis mhóra rialáilte na hearnála airgeadais agus d'eintitis neamhrialáilte airgeadais. Eisiafar éifeacht na mbeart a thugtar isteach i gcomhréir le hAirteagal 458 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Sloinnfear an LGD mar luach idir 0 agus 1.
0160	Aibíocht	Teimpléad C 08.01, colún 0250, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451	Tuairisceofar an aibíocht EAD-ualaithe le haghaidh na neamhchosaintí don chontrapháirtí. Sloinnfear é de réir an lín laethanta.
0170	MNCUR	Teimpléad C 08.01, colún 0260, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451	Tuairisceofar an MNCUR tar éis fachtóirí tacaíochta (fachtóirí tacaíochta FBM agus bonneagair). Ní bheidh éifeacht na mbeart a d'fhéadfadh a bheith ann faoi Airteagal 458 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 san áireamh sa MNCUR.

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/379/oj

C 102 – Mionsonraí faoi neamhchosaintí i bPunanna Íosmhainneachtana

Le haghaidh punanna dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a bhfuil stádas soláthair urrúis chomhthaobhaigh acu seachas 'Neamhbhainteach', féadfar an fhaisnéis seo a leanas a fhágáil ar lár i gcás nach gcumhdaíonn an tsamhail fhormheasta ríomhanna LGD ar leith le haghaidh codanna urraithe neamhchosanta agus codanna neamhurraithe neamhchosanta: LGD (colún 0130), LGD gan bearta maoirseachta (colún 0131), LGD gan éarlais choimeádachais ná bearta maoirseachta (colún 0132), LGD gan éarlais choimeádachais, bearta maoirseachta ná comhpháirt ghéarchoir (colún 0133), Méid an Chaillteanais Ionchasaigh (colún 0150) agus MNCUR (colún 0170).

I gcás punanna le ngabhann an cur chuige rialála a shainítear mar 'Critéir um shliotánú iasachtaithe speisialaithe', fágfar an fhaisnéis seo a leanas ar lár: PD (colún 0060), PD gan bearta maoirseachta (colún 0061), PD gan éarlais choimeádachais ná bearta maoirseachta (colún 0062), LGD (colún 0130), LGD gan bearta maoirseachta (colún 0131), LGD gan éarlais choimeádachais ná bearta maoirseachta (colún 0132), LGD gan éarlais choimeádachais, bearta maoirseachta ná comhpháirt ghéarchoir (colún 0133).

Colún	Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
0010	Comhartha aitheantais na punainne	Teimpléad C102, colún 0010, d'Iarscríbhinn I	Tuairisceofar comhartha aitheantais na punainne de cholún 0010 de theimpléad C d'Iarscríbhinn I, ina sainítear an phunann. Is éard a bheidh sa chomhartha aitheantais sin aitheantóir ró agus beidh sé uathúil i gcás gach ró sa teimpléad. Níl sannadh na neamhchosaintí ar chomharthaí aitheantais punainne eisiach: Tuairisceofar neamhchosaintí nó codanna neamhchosaintí faoi gach comhartha aitheantais punainne is infheidhme.
0040	An líon féichiúnaithe		Tuairisceofar an líon féichiúnaithe. Beidh sé bunaithe ar fhéichiúnaithe a bhfuil luach atá go hiomlán deimhneach acu a thuairiscítear i gcolún 0080 nó i gcolún 0090. I gcás ina gcuirtear ionadú iomlán i bhfeidhm i ngeall ar theicníc um maolú riosca creidmheasa, cuirfear an féichiúnaí bunaidh le 'An líon féichiúnaithe' a phunainne bunaidh, agus cuirfear an ráthóir le 'An líon féichiúnaithe' phunann an ráthóra.
0060	PD	Teimpléad C08.01, colún 0010, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451	Is é an PD an PD a úsáidtear chun MNCUR a ríomh, gan éifeacht beart a d'fhéadfaí a thabhairt isteach i gcomhréir le hAirteagal 458 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a áireamh. I gcás na bpunann a chomhfhreagraíonn do ghrád nó do chomhthiomsú aonair, tuairisceofar an PD a shanntar don ghrád féichiúnaí shonraigh nó don chomhthiomsú féichiúnaí shonraigh. I gcás na bpunann a chomhfhreagraíonn do chomhiomlánú féichiúnaithe de ghráid nó de chomhthiomsuithe éagsúla, soláthrófar meánluach EAD-ualaithe na PDanna a shanntar do na neamhchosaintí a áirítear sa chomhiomlánú. Sloinnfear an PD mar luach idir 0 agus 1.
0061	PD gan bearta maoirseachta		Is é a bheidh sa PD gan bearta maoirseachta an PD bunaithe ar an forálacha a leagtar síos in Airteagail 179 agus 180 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a chuimsíonn an éarlais choimeádachais atá curtha leis ag an institiúid ach a eisiann bearta (iolraitheoirí, forlíontáin, íosrátaí nó bearta comhchosúla lena méadaítear an PD go díreach) atá forchurtha ag na húdaráis inniúla. I gcás na bpunann a chomhfhreagraíonn do ghrád nó comhthiomsú aonair, tuairisceofar an PD don ghrád sin a chuimsíonn an éarlais choimeádachais ach atá glan ó na bearta maoirseachta. I gcás na bpunann a chomhfhreagraíonn do chomhiomlánú féichiúnaithe de ghráid nó de chomhthiomsuithe éagsúla, soláthrófar meánluach EAD-ualaithe PDanna na neamhchosaintí faoi seach ina mbeidh éarlaisí coimeádachais san áireamh ach a bheidh glan ar na bearta maoirseachta. Sloinnfear an PD gan bearta maoirseachta mar luach idir 0 agus 1. I gcás nach féidir leis an institiúid na coigeartuithe coimeádacha ábhartha a aonrú, beidh feidhm ag Cuid I, pointe 3.

Colún	Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
0062	PD gan éarlais choimeádachais ná bearta maoirseachta		Is é a bheidh sa PD gan éarlais choimeádachais ná bearta maoirseachta an PD nach gcuimsíonn an éarlais choimeádachais atá curtha leis ag an institiúid i gcomhréir le hAirteagal 179(1), pointe (f) agus Airteagal 180(1), pointe (e), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ná éifeacht na mbeart arna bhforchur ag na húdaráis inniúla (iolraitheoirí, forlíontáin, íosrátaí nó bearta eile lena méadaítear an PD go díreach). I gcás na bpunann a chomhfhreagraíonn do ghrád nó comhthiomsú aonair, tuairisceofar an PD don ghrád sin a bheidh glan ar an éarlais choimeádachais agus a bheidh glan ar na bearta maoirseachta. I gcás punanna a chomhfhreagraíonn do chomhiomlánú féichiúnaithe de ghráid nó de chomhthiomsuithe éagsúla, tuairisceofar meánluach EAD-ualaithe PDanna na neamhchosaintí faoi seach a bheidh glan ar na héarlaisí coimeádachais agus a bheidh glan ar na bearta maoirseachta. Sloinnfear an PD gan éarlais choimeádachais agus bearta maoirseachta mar luach idir 0 agus 1. I gcás nach féidir leis an institiúid na coigeartuithe coimeádacha ábhartha a aonrú, beidh feidhm ag Cuid I, pointe 3.
0080	An neamhchosaint tosaigh roimh chur i bhfeidhm na bhfachtóirí coinbhéartachta	Teimpléad C08.01, colún 0020, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451	Tuairisceofar luach na neamhchosanta tosaigh sula gcuirtear san áireamh aon choigeartú luacha, soláthairtí, éifeachtaí de bharr teicnící um maolú riosca creidmheasa nó fachtóirí coinbhéartachta.
0090	Neamhchosaint tar éis iarmhairtí ar ionadú i ngeall ar mhaolú riosca creidmheasa, roimh fhachtóirí coinbhéartachta a chur i bhfeidhm	Teimpléad C08.01, colún 0090, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451	Tuairisceofar an méid a gcuirtear fachtóirí coinbhéartachta ('CCFanna') i bhfeidhm chun an EAD a fháil (colún 0110). Déanfar sin agus teicnící um maolú riosca creidmheasa a bhfuil iarmhairtí ar ionadú ionadaíochta acu ar an neamhchosaint á gcur san áireamh.
0100	CCF	Airteagal 166(8) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	Tuairisceofar meán ualaithe na CCFanna. Is iad na hualaí a úsáidfear na méideanna a gcuirtear CCFanna i bhfeidhm orthu chun EAD a fháil. I gcás na bpunann a áiríonn saoráidí nach gcomhfhreagraíonn ach do na hítimí dá dtagraítear in Airteagal 166(8) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, beidh meán ualaithe tuairiscithe na CCFanna bunaithe ar na saoráidí uile. I gcás na bpunann nach dtagann aon cheann de na saoráidí a áirítear iontu faoi na hítimí dá dtagraítear in Airteagal 166 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, fágfar an CCF bán nó cuirfear an tásc 'NEAMHNÍ' isteach. I gcás na bpunann a áiríonn saoráidí a chomhfhreagraíonn do na hítimí dá dtagraítear in Airteagal 166(8) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus saoráidí nach dtagann faoi na hítimí dá dtagraítear in Airteagal 166(8) den Rialachán sin, beidh meán ualaithe tuairiscithe na CCFanna bunaithe ar na saoráidí a chomhfhreagraíonn do na hítimí dá dtagraítear in Airteagal 166(8) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, agus ar na saoráidí sin amháin. Go háirithe, ní mheasfar saoráidí a chomhfhreagraíonn

Colún	Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
			d'ítimí dá dtagraítear in Airteagal 166(10) den Rialachán sin sa ríomh. I gcás ina gcuireann an institiúid meastacháin dhílse ar CCFanna i bhfeidhm le haghaidh na n-ítimí dá dtagraítear in Airteagal 166(8) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, úsáidfear na CCFanna sin chun meán ualaithe na CCFanna a ríomh. I gcás nach gcuireann an institiúid meastacháin dhílse ar CCFanna i bhfeidhm le haghaidh na n-ítimí dá dtagraítear in Airteagal 166(8) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, úsáidfear na CCFanna rialála a thugtar in Airteagal 166(8) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Sloinnfear CCF mar luach idir 0 agus 1.
0110	EAD	Teimpléad C08.01, colún 0110, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451	Tuairisceofar luach na neamhchosanta.
0120	Luach na comhthaobhachta	Teimpléad C08.01, colúin 0150 agus 0210, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451	Tuairisceofar margadhluach na comhthaobhachta.
0130	LGD	Teimpléad C08.01, colúin 0230 agus 0240, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451	Tuairisceofar meán EAD-ualaithe luachanna LGD na neamhchosaintí sa phunann lena mbaineann. Is iad na LGDanna na LGDanna a úsáidtear chun MNCUR a ríomh. Go sonrach, i gcás ina mbeidh cead faighte ag an institiúid óna húdarás inniúil chun meastacháin dhílse a úsáid le haghaidh LGDanna, beidh na LGDanna bunaithe ar mheastacháin dhílse na n-institiúidí, agus i gcás eile beidh na LGDanna bunaithe ar luachanna LGD rialála agus an maolú riosca is infheidhme á chur san áireamh. Áireofar neamhchosaintí agus na LGDanna lena mbaineann le haghaidh eintitis mhóra rialála na hearnála airgeadais agus eintitis neamhrialáilte airgeadais. Eisiafar éifeacht na mbeart a thugtar isteach i gcomhréir le hAirteagal 458 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Sloinnfear an LGD mar luach idir 0 agus 1.

Colún	Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
0131	LGD gan bearta maoirseachta		Is é a bheidh sa LGD gan bearta maoirseachta an LGD bunaithe ar na forálacha a leagtar síos in Airteagail 179 agus 181 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a chuimsíonn an éarlais choimeádachais atá curtha leis ag an institiúid ach a eisíonn bearta (iolraitheoirí, forlíontáin, íosrátaí nó bearta comhchosúla lena méadaítear an LGD go díreach) atá forchurtha ag na húdaráis inniúla. I gcás na bpunann a chomhfhreagraíonn do ghrád nó comhthiomsú aonair, tuairisceofar an LGD don ghrád sin a chuimsíonn an éarlais choimeádachais ach atá glan ó na bearta maoirseachta. I gcás na bpunann a chomhfhreagraíonn do chomhiomlánú féichiúnaithe de ghráid nó de chomhthiomsuithe éagsúla, soláthrófar meánluach EAD-ualaithe LGDanna na neamhchosaintí faoi seach ina mbeidh éarlaisí coimeádachais san áireamh ach a bheidh glan ar na bearta maoirseachta. Sloinnfear LGD gan bearta maoirseachta mar luach idir 0 agus 1. I gcás nach féidir leis an institiúid na coigeartuithe coimeádacha ábhartha a aonrú, beidh feidhm ag Cuid I, pointe 3.
0132	LGD gan éarlais choimeádachais agus gan bearta maoirseachta		Is é a bheidh sa LGD gan éarlais choimeádachais ná bearta maoirseachta an LGD nach gcuimsíonn an éarlais choimeádachais atá curtha leis ag an institiúid i gcomhréir le hAirteagal 179(1), pointe (f) agus Airteagal 181 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ná éifeacht na mbeart arna bhforchur ag na húdaráis inniúla (iolraitheoirí, forlíontáin, íosrátaí nó bearta eile lena méadaítear an LGD go díreach). I gcás na bpunann a chomhfhreagraíonn do ghrád nó comhthiomsú aonair, tuairisceofar an LGD don ghrád sin a bheidh glan ar an éarlais choimeádachais agus a bheidh glan ar na bearta maoirseachta. I gcás na bpunann a chomhfhreagraíonn do chomhiomlánú féichiúnaithe de ghráid nó de chomhthiomsuithe éagsúla, tuairisceofar meánluach EAD-ualaithe LGDanna na neamhchosaintí faoi seach a bheidh glan ar na héarlaisí coimeádachais agus a bheidh glan ar na bearta maoirseachta. Sloinnfear LGD gan éarlais choimeádachais agus bearta maoirseachta mar luach idir 0 agus 1. I gcás nach féidir leis an institiúid na coigeartuithe coimeádacha ábhartha a aonrú, beidh feidhm ag Cuid I, pointe 3.
0133	LGD gan éarlais choimeádachais, bearta maoirseachta ná comhpháirt ghéarchoir,		Is é a bheidh sa LGD gan éarlais choimeádachais, bearta maoirseachta ná comhpháirt ghéarchoir an LGD nach gcuimsíonn an éarlais choimeádachais atá curtha leis ag an institiúid i gcomhréir le hAirteagal 179(1), pointe (f) agus Airteagal 181 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ná éifeacht na mbeart arna bhforchur ag na húdaráis inniúla (iolraitheoirí, forlíontáin, íosrátaí nó bearta eile lena méadaítear an LGD go díreach) ná an chomhpháirt ghéarchoir mar a cheanglaítear faoi Airteagal 181(1), pointe (b), den Rialachán sin. I gcás na bpunann a chomhfhreagraíonn do ghrád nó comhthiomsú aonair, tuairisceofar an LGD don ghrád sin a bheidh glan ar an éarlais choimeádachais agus a bheidh glan ar na bearta maoirseachta agus a bheidh glan ar an gcomhpháirt ghéarchoir. I gcás na bpunann a chomhfhreagraíonn do chomhiomlánú féichiúnaithe de ghráid nó de chomhthiomsuithe éagsúla, tuairisceofar meánluach EAD-ualaithe LGDanna na neamhchosaintí faoi seach a bheidh glan ar na héarlaisí coimeádachais, glan ar na bearta maoirseachta agus glan ar an gcomhpháirt ghéarchoir.

Colún	Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
			Sloinnfear an LGD gan éarlais choimeádachais, bearta maoirseachta ná comhpháirt ghéarchoir mar luach idir 0 agus 1. I gcás nach féidir leis an institiúid na coigeartuithe coimeádacha ábhartha a aonrú, beidh feidhm ag Cuid I, pointe 3.
0140	Aibíocht	Teimpléad C08.01, colún 0250, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451	Tuairisceofar an aibíocht EAD-ualaithe. Sloinnfear é de réir an lín laethanta. Ní thuairisceofar an fhaisnéis sin maidir le neamhchosaintí nach bhfuil an aibíocht ina gné de ríomh an MNCUR. Go háirithe, ní thuairisceofar an aibíocht le haghaidh punanna ina bhfuil neamhchosaintí den aicme neamhchosanta 'Miondíol'.
0150	Méid an chaillteanais ionchasaigh	Teimpléad C08.01, colún 0280, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451	Tuairisceofar méid an chaillteanais ionchasaigh.
0160	Forálacha maidir le neamhchosaintí a mhainnigh	Teimpléad C09.02, colúin 0050, 0055 agus 0060, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451	Tuairisceofar na forálacha maidir le neamhchosaintí a mhainnigh. Cuimseofar leo sin gach coigeartú ginearálta agus sonrach i leith riosca creidmheasa ar neamhchosaintí ar mainneachtain dá dtagraítear in Airteagal 110 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Tuairisceofar coigeartuithe (aonuaire) i leith riosca creidmheasa a chuireann institiúid i bhfeidhm i dtaca leis na hathruithe ar chur chun feidhme an tsainmhínithe ar mhainneachtain mar a thaifeadtar i mbunachar sonraí na hinstitiúide iad.
0170	MNCUR	Teimpléad C08.01, colún 0260, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451	Tuairisceofar an MNCUR tar éis fachtóirí tacaíochta (fachtóirí tacaíochta FBM agus bonneagair). Ní bheidh éifeacht na mbeart a d'fhéadfadh a bheith ann faoi Airteagal 458 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 san áireamh sa MNCUR.
0180	MNCUR Caighdeánaithe	Cuid a Trí, Teideal II, Caibidil 2, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.	Is éard atá i MNCUR Caighdeánaithe méid MNCUR hipitéiseach arna fháil tríd an gcur chuige caighdeánaithe maidir le riosca creidmheasa a chur i bhfeidhm maidir leis na neamhchosaintí seachas le cur chuige IRB.

C 103 – Mionsonraí faoi neamhchosaintí i bPunann Ardmhainneachtana

I gcás punanna dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a bhfuil stádas soláthair urrúis chomhthaobhaigh acu atá éagsúil le 'Neamhbhainteach', féadfar an fhaisnéis seo a leanas a fhágáil ar lár i gcás nach gcumhdaíonn an tsamhail fhormheasta ríomhanna LGD ar leith le haghaidh codanna urraithe neamhchosanta agus codanna neamhurraithe neamhchosanta: LGD (colún 0130), LGD gan bearta maoirseachta (colún 0131), LGD gan éarlais choimeádachais ná bearta maoirseachta (colún 0132), LGD gan éarlais choimeádachais, bearta maoirseachta ná comhpháirt ghéarchoir (colún 0133), Méid an Chaillteanais Ionchasaigh (colún 0150), MNCUR (colún 0170), Ráta caillteanais na bliana is déanaí (colún 0210) agus Ráta caillteanais na 5 bliana dheireanacha (colún 0220).

Colún	Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
0010	Comhartha aitheantais na punainne		Tuairisceofar comhartha aitheantais theimpléad C 103, colún 0010, d'Iarscríbhinn I, ina sainítear an phunann. Is éard a bheidh sa chomhartha aitheantais sin aitheantóir ró agus beidh sé uathúil i gcás gach ró sa teimpléad. Níl sannadh na neamhchosaintí ar chomharthaí aitheantais punainne eisiach: tuairisceofar neamhchosaintí nó codanna de neamhchosaintí faoi gach comhartha aitheantais punainne is infheidhme.
0040	An líon féichiúnaithe		Beidh feidhm ag na treoracha le haghaidh theimpléad C 102, colún 0040, d'Iarscríbhinn I.
0060	PD		Beidh feidhm ag na treoracha le haghaidh theimpléad C 102, colún 0060, d'Iarscríbhinn I.
0061	PD gan bearta maoirseachta		Beidh feidhm ag na treoracha le haghaidh theimpléad C 102, colún 0061, d'Iarscríbhinn I.
0062	PD gan éarlais choimeádachais ná bearta maoirseachta		Beidh feidhm ag na treoracha le haghaidh theimpléad C 102, colún 0062, d'Iarscríbhinn I.
0080	Neamhchosaint tosaigh roimh fhachtóirí coinbhéartachta a chur i bhfeidhm		Beidh feidhm ag na treoracha le haghaidh theimpléad C 102, colún 0080, d'Iarscríbhinn I.
0090	Neamhchosaint tar éis iarmhairtí ar ionadú i ngeall ar mhaolú riosca creidmheasa, roimh fhachtóirí coinbhéartachta a chur i bhfeidhm		Beidh feidhm ag na treoracha le haghaidh theimpléad C 102, colún 0090, d'Iarscríbhinn I.
0100	CCF		Beidh feidhm ag na treoracha le haghaidh theimpléad C 102, colún 0100, d'Iarscríbhinn I.
0110	EAD		Beidh feidhm ag na treoracha le haghaidh theimpléad C 102, colún 0110, d'Iarscríbhinn I.
0120	Luach na comhthaobhachta		Beidh feidhm ag na treoracha le haghaidh theimpléad C 102, colún 0120, d'Iarscríbhinn I.
0130	LGD		Beidh feidhm ag na treoracha le haghaidh theimpléad C 102, colún 0130, d'Iarscríbhinn I.

Colún	Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
0131	LGD gan bearta maoirseachta		Beidh feidhm ag na treoracha le haghaidh theimpléad C 102, colún 0131, d'Iarscríbhinn I.
0132	LGD gan éarlais choimeádachais agus gan bearta maoirseachta		Beidh feidhm ag na treoracha le haghaidh theimpléad C 102, colún 0132, d'Iarscríbhinn I.
0133	LGD gan éarlais choimeádachais, bearta maoirseachta ná comhpháirt ghéarchoir		Beidh feidhm ag na treoracha le haghaidh theimpléad C 102, colún 0133, d'Iarscríbhinn I.
0140	Aibíocht		Beidh feidhm ag na treoracha le haghaidh theimpléad C 102, colún 0140, d'Iarscríbhinn I.
0150	Méid an chaillteanais ionchasaigh		Beidh feidhm ag na treoracha le haghaidh theimpléad C 102, colún 0150, d'Iarscríbhinn I.
0160	Forálacha maidir le neamhchosaintí a mhainnigh		Beidh feidhm ag na treoracha le haghaidh theimpléad C 102, colún 0160, d'Iarscríbhinn I.
0170	MNCUR		Beidh feidhm ag na treoracha le haghaidh theimpléad C 102, colún 0170, d'Iarscríbhinn I.
0180	MNCUR Caighdeánaithe		Beidh feidhm ag na treoracha le haghaidh theimpléad C 102, colún 0180, d'Iarscríbhinn I.
0190	Ráta mainneachtana na bliana is déanaí		Tuairisceofar an ráta mainneachtana le haghaidh na bliana is déanaí. Chun na críche sin, sainmhíneofar an ráta mainneachtana mar an cóimheas idir na nithe seo a leanas: a) suim na neamhchosaintí (an neamhchosaint tosaigh, colún 0080, arna tomhas ar an dáta tagartha lúide bliain amháin) a bhí neamh-mhainnithe díreach bliain amháin roimh an dáta tagartha agus a mhainnigh idir an dáta tagartha lúide bliain amháin agus an dáta tagartha; b) suim na neamhchosaintí (an neamhchosaint tosaigh, colún 0080, arna tomhas ar an dáta tagartha lúide bliain amháin) a bhí neamh-mhainnithe ar an dáta tagartha lúide bliain amháin. Ní áireofar neamhchosaintí nua a gineadh le linn na bliana roimh an dáta tagartha. Neamhchosaintí a mhainnigh agus a leigheasadh arís le linn na bliana roimh an dáta tagartha, áireofar iad san uimhreoir agus san ainmneoir araon. Ní áireofar mainneachtainí iolracha an fhéichiúnaí chéanna ach uair amháin.

Colún	Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
			Ní thuairisceofar an fhaisnéis sin ach le haghaidh comharthaí aitheantais punainne a bhaineann le neamhchosaint nár mhainnigh; sloinnfear é mar luach idir 0 agus 1. Úsáidfear mainneachtainí agus dátaí mainneachtana mar a thaifeadfar iad faoi chur chun feidhme an tsainmhínithe ar mhainneachtain is infheidhme tráth an teagmhais, i.e. measfaidh institiúid gur tharla mainneachtain i ndáil leis an sainmhíniú ar mhainneachtain a chuir an institiúid i bhfeidhm tráth ar taifeadadh an teagmhas. Ní mheasfar athruithe ar an sainmhíniú ar mhainneachtain ach go hionchasach óna ndáta cur chun feidhme, agus ní úsáidfear cur i bhfeidhm cúlghabhálach athruithe ar an sainmhíniú ar mhainneachtain i ndiaidh an teagmhais mainneachtana atá á mheas (ionsamhlú ag féachaint siar).
0200	Ráta mainneachtana na 5 bliana dheireanacha		Tuairisceofar meán ualaithe na rátaí mainneachtana a breathnaíodh sna 5 bliana dheireanacha roimh an dáta tagartha. Beidh feidhm ag sainmhíniú an ráta mainneachtana dá dtagraítear i gcolún 0190. Is iad na hualaí atá le húsáid na neamhchosaintí nár mhainnigh a úsáidtear i ríomh an ráta mainneachtana i gcomhréir le colún 0190. I gcás nach gceanglaítear ar institiúid ráta mainneachtana a ríomh do na 5 bliana dheireanacha roimh an dáta tagartha faoi Airteagal 180(1), pointe (h), ná Airteagal 180(2), pointe (e), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, forbróidh an institiúid ionadaí trí úsáid a bhaint as a cúlra stairiúil is faide suas le 5 bliana roimh an dáta tagartha agus déanfaidh sí an doiciméadacht a sholáthar dá húdarás inniúil ina mionsonraítear an ríomh. Ní thuairisceofar an fhaisnéis sin ach le haghaidh comharthaí aitheantais punainne a bhaineann le neamhchosaintí ‘nár mhainnigh’; sloinnfear é mar luach idir 0 agus 1. Úsáidfear mainneachtainí agus dátaí mainneachtana mar a thaifeadfar iad faoi chur chun feidhme an tsainmhínithe ar mhainneachtain is infheidhme tráth an teagmhais, i.e. measfaidh institiúid gur tharla mainneachtain i ndáil leis an sainmhíniú ar mhainneachtain a chuir an institiúid i bhfeidhm tráth ar taifeadadh an teagmhas. Ní mheasfar athruithe ar an sainmhíniú ar mhainneachtain ach go hionchasach óna ndáta cur chun feidhme, agus ní úsáidfear cur i bhfeidhm cúlghabhálach athruithe ar an sainmhíniú ar mhainneachtain i ndiaidh an teagmhais mainneachtana atá á mheas (ionsamhlú ag féachaint siar).
0210	Ráta caillteanais na bliana is déanaí		Ní thuairisceofar an ráta caillteanais a breathnaíodh sa bhliain is déanaí ach le haghaidh comharthaí aitheantais punainne a bhaineann le neamhchosaintí ‘nár mhainnigh’ agus ‘a mhainnigh’. I gcás punanna neamh-mhainneachtana, is éard a bheidh sa ráta caillteanais suim coigeartuithe sonracha i leith riosca creidmheasa agus díscríobhanna arna gcur i bhfeidhm, le linn na bliana roimh an dáta tagartha, maidir le neamhchosaintí a bhí neamh-mhainnithe díreach bliain amháin roimh an dáta tagartha agus a mhainnigh le linn na bliana roimh an dáta tagartha, arna roinnt ar shuim EAD na neamhchosaintí a bhí neamh-mhainnithe díreach bliain amháin roimh an dáta tagartha, arna thomhais díreach bliain amháin roimh an dáta tagartha, agus a mhainnigh le linn na bliana roimh an dáta tagartha.

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/379/oj

Colún	Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
			In uimhreoir an ráta caillteanais, ionchorpraítear na coigeartuithe i leith riosca creidmheasa agus na díscríobhanna uile a bhaineann le neamhchosaintí a mhainnigh le linn na bliana roimh an tagairt, lena n-áirítear coigeartuithe i leith riosca creidmheasa a chuirtear i bhfeidhm roimh an dáta mainneachtana. Ní áireofar neamhchosaintí nua a gineadh le linn na bliana roimh an dáta tagartha. Áireofar neamhchosaintí a mhainnigh agus a leigheasadh arís le linn na bliana roimh an dáta tagartha in ainmneoir an ráta caillteanais agus cuirfear coigeartuithe i leith riosca creidmheasa agus díscríobhanna maidir leis na neamhchosaintí sin san áireamh in uimhreoir an ráta caillteanais. Ní chuirfear mainneachtainí iolracha an fhéichiúnaí chéanna san áireamh ach uair amháin. I gcás punanna a mhainnigh, measfar sa ráta caillteanais neamhchosaintí a bhí ar mainneachtain bliain amháin go díreach roimh an dáta tagartha. Is é a bheidh ann suim na nithe seo a leanas: a) coigeartuithe i leith riosca creidmheasa ar na neamhchosaintí sin bliain amháin roimh an dáta tagartha, agus b) coigeartuithe i leith riosca creidmheasa agus díscríobhanna arna gcur i bhfeidhm le linn na bliana roimh an dáta tagartha, arna roinnt ar shuim EAD, arna thomhas go díreach bliain amháin roimh dháta tagartha na neamhchosaintí atá á meas. Ní áireofar mainneachtainí nua a gineadh le linn na bliana roimh an dáta tagartha. Áireofar neamhchosaintí a leigheasadh arís le linn na bliana roimh an dáta tagartha in ainmneoir an ráta caillteanais agus áireofar coigeartuithe i leith riosca creidmheasa agus díscríobhanna maidir leis na neamhchosaintí sin in uimhreoir an ráta caillteanais. Ní áireofar mainneachtainí iolracha an fhéichiúnaí chéanna ach uair amháin. Sloinnfear an ráta caillteanais mar luach idir 0 agus 1. Úsáidfear mainneachtainí agus dátaí mainneachtana mar a thaifeadfar iad faoi chur chun feidhme an tsainmhínithe ar mhainneachtain is infheidhme tráth an teagmhais, i.e. measfaidh institiúid gur tharla mainneachtain i ndáil leis an sainmhíniú ar mhainneachtain a chuir an institiúid i bhfeidhm tráth ar taifeadadh an teagmhas. Ní mheasfar athruithe ar an sainmhíniú ar mhainneachtain ach go hionchasach óna ndáta cur chun feidhme, agus ní úsáidfear cur i bhfeidhm cúlghabhálach athruithe ar an sainmhíniú ar mhainneachtain i ndiaidh an teagmhais mainneachtana atá á mheas (ionsamhlú ag féachaint siar).
0220	Ráta caillteanais na 5 bliana dheireanacha		Ní thuairisceofar meán EAD-ualaithe na rátaí caillteanais a breathnaíodh sna 5 bliana dheireanacha roimh an dáta tagartha ach le haghaidh comharthaí aitheantais punainne a bhaineann le neamhchosaintí 'nár mhainnigh' agus 'a mhainnigh'. Beidh feidhm ag sainmhíniú an ráta caillteanais i gcolún 0210. Is bunaithe ar rátaí bliantúla caillteanais na 5 bliana dheireanacha a bheidh ráta caillteanais na 5 bliana dheireanacha, i gcás ina ndéantar na rátaí bliantúla caillteanais sin a shainmhíniú de réir analaí leis an sainmhíniú ar ráta caillteanais i gcolún 0210; go háirithe, ní chuirfear san áireamh sna rátaí bliantúla caillteanais athruithe breise ar choigeartuithe i leith riosca creidmheasa agus ar dhíscríobhanna a tharla tar éis na tréimhse breathnadóireachta (an bhliain féilire) de chuid gach ráta caillteanais bhliantúil. I gcás nach gceanglaítear ar an institiúid sonraí ó na 5 bliana dheireanacha roimh an dáta tagartha a úsáid faoi Airteagal 181(2), an fhomhír dheireanach, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, forbróidh an institiúid ionadaí trí úsáid a bhaint as a cúlra stairiúil is faide suas le 5 bliana roimh an dáta tagartha agus déanfaidh sí an doiciméadacht a sholáthar dá húdarás inniúil ina mionsonraítear an ríomh. Sloinnfear an ráta caillteanais mar luach idir 0 agus 1. Úsáidfear mainneachtainí agus dátaí mainneachtana mar a thaifeadfar iad faoi chur chun feidhme an tsainmhínithe ar mhainneachtain is infheidhme tráth an teagmhais, i.e. measfaidh institiúid gur tharla mainneachtain i ndáil leis an sainmhíniú ar mhainneachtain a chuir an institiúid i bhfeidhm tráth ar taifeadadh an teagmhas. Ní mheasfar athruithe ar an sainmhíniú ar mhainneachtain ach go hionchasach óna ndáta cur chun feidhme, agus ní úsáidfear cur i bhfeidhm cúlghabhálach athruithe ar an sainmhíniú ar mhainneachtain i ndiaidh an teagmhais mainneachtana atá á mheas (ionsamhlú ag féachaint siar).

Colún	Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
0250	MNCUR-		Déanfaidh institiúidí MNCUR- a ríomh agus a thuairisciú le haghaidh na bpunann dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, teimpléad 103 lena ngabhann na comharthaí aitheantais punainne seo a leanas: CORP_ALL_0086_CT_****_**_***_ALL SMEC_ALL_0106_CT_****_**_***_ALL MORT_ALL_0094_CT_****_**_***_ALL SMOT_ALL_0106_CT_****_**_***_ALL RSMS_ALL_0106_CT_****_**_***_ALL RETO_ALL_0094_CT_****_**_***_ALL RQRR_ALL_0094_CT_****_**_***_ALL Is éard a bheidh in MNCUR- an MNCUR hipitéiseach, tar éis fachtóirí tacaíochta, a eascraíonn as cur i bhfeidhm luachanna PD- seachas luachanna PD na hinstitiúide, le haghaidh gach neamhchosanta. Ní bheidh na paraiméadair atá fágtha a bhfuil gá leo sa ríomh faoi réir athruithe. Beidh PD- bunaithe ar ríomh a dhéanfar ar leithligh i gcás gach gráid féichiúnaí. Úsáidfear na gráid féichiúnaí mar a thuairiscítear iad i gcolún 0005 de theimpléad C 08.02 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451 ón gCoimisiún (Féach teimpléad C 08.01 colún 0010, agus teimpléad C 08.02 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin chun treoracha a fháil). I gcás gach gráid féichiúnaí, is é p^{-} an luach deimhneach is lú a chomhlíonann an chothromóid $$p^{-} + \Phi^{-1}(q) \bullet \sqrt{\frac{p^{-} \bullet (1 - p^{-})}{n}} \geq DR_{1y}$$ agus where $DR_{1y} > 0$, i gcás $p^{-} = 0$. Sa chothromóid seo, Φ^{-1} = feidhm inbhéartach an dáileacháin normalaigh chaighdeánaithe (charnaigh); q = an leibhéal muiníne arna shocrú ag 90 %; DR_{1y} = ráta mainneachtana cás-ualaithe na bliana roimh an dáta tagartha, i.e., an líon féichiúnaithe nach raibh ar mainneachtain agus ar sannadh an grád féichiúnaí lena mbaineann dóibh díreach bliain amháin roimh an dáta tagartha agus a mhainnigh le linn na bliana is déanaí, arna roinnt ar an líon féichiúnaithe nach raibh ar mainneachtain agus ar sannadh an grád féichiúnaí lena mbaineann dóibh díreach bliain amháin roimh an dáta tagartha; n = an líon féichiúnaithe nach raibh ar mainneachtain agus ar sannadh an grád féichiúnaí lena mbaineann dóibh díreach bliain amháin roimh an dáta tagartha. I gcás gach féichiúnaí, is ionann PD- agus p^{-}, i gcás ina ríomhfar p^{-} i gcomhréir leis an bhfoirmle a leagtar amach sa cheathrú fomhír le haghaidh an ghráid féichiúnaí a shanntar don fhéichiúnaí.

Colún	Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
0260	MNCUR+		Déanfaidh institiúidí MNCUR+ a ríomh agus a thuairisciú le haghaidh na bpunann dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, teimpléad 103 lena ngabhann na comharthaí aitheantais punainne seo a leanas: CORP_ALL_0086_CT_****_**_***_ALL SMEC_ALL_0106_CT_****_**_***_ALL MORT_ALL_0094_CT_****_**_***_ALL SMOT_ALL_0106_CT_****_**_***_ALL RSMS_ALL_0106_CT_****_**_***_ALL RETO_ALL_0094_CT_****_**_***_ALL RQRR_ALL_0094_CT_****_**_***_ALL Is éard a bheidh in MNCUR+ an MNCUR hipitéiseach, tar éis fachtóirí tacaíochta, a eascraíonn as cur i bhfeidhm luachanna PD+ seachas luachanna PD na hinstitiúide, le haghaidh gach neamhchosanta. Ní bheidh na paraiméadair atá fágtha a bhfuil gá leo sa ríomh faoi réir athruithe. Beidh PD+ bunaithe ar ríomh a dhéanfar ar leithligh le haghaidh gach gráid féichiúnaí. Úsáidfear na gráid féichiúnaí mar a thuairiscítear iad i gcolún 0005 de theimpléad C 08.02 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451 ón gCoimisiún (Féach teimpléad C 08.01, colún 0010, agus teimpléad C 08.02 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin chun treoracha a fháil). I gcás gach gráid féichiúnaí, is é p^{+} an luach deimhneach is mó a chomhlíonann an chothromóid $$p^{+} - \Phi^{-1}(q) \bullet \sqrt{\frac{p^{+} \bullet (1 - p^{+})}{n}} \leq DR_{1y}$$ Sa chothromóid seo, Φ^{-1} = feidhm inbhéartach an dáileacháin normalaigh chaighdeánaithe (charnaigh); q = an leibhéal muiníne arna shocrú ag 90 %; DR_{1y} = ráta mainneachtana cás-ualaithe na bliana roimh an dáta tagartha, i.e., an líon féichiúnaithe nach raibh ar mainneachtain agus ar sannadh an grád féichiúnaí lena mbaineann dóibh díreach bliain amháin roimh an dáta tagartha agus a mhainnigh le linn na bliana is déanaí, arna roinnt ar an líon féichiúnaithe nach raibh ar mainneachtain agus ar sannadh an grád féichiúnaí lena mbaineann dóibh díreach bliain amháin roimh an dáta tagartha; n = an líon féichiúnaithe nach raibh ar mainneachtain agus ar sannadh an grád féichiúnaí lena mbaineann dóibh díreach bliain amháin roimh an dáta tagartha. I gcás gach féichiúnaí, is ionann PD+ agus p^{+}, i gcás ina ríomhfar p^{+} i gcomhréir leis an bhfoirmle a leagtar amach sa cheathrú fomhír le haghaidh an ghráid féichiúnaí a shanntar don fhéichiúnaí.

Colún	Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
0270	MNCUR–		Déanfaidh institiúidí MNCUR– a ríomh agus a thuairisciú le haghaidh na bpunann dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, teimpléad 103 lena ngabhann na comharthaí aitheantais punainne seo a leanas: CORP_ALL_0086_CT_****_**_***_ALL SMEC_ALL_0106_CT_****_**_***_ALL MORT_ALL_0094_CT_****_**_***_ALL SMOT_ALL_0106_CT_****_**_***_ALL RSMS_ALL_0106_CT_****_**_***_ALL RETO_ALL_0094_CT_****_**_***_ALL RQRR_ALL_0094_CT_****_**_***_ALL Is éard a bheidh in MNCUR– an MNCUR hipitéiseach, tar éis fachtóirí tacaíochta, a eascraíonn as cur i bhfeidhm luachanna PD-- seachas luachanna PD na hinstitiúide, le haghaidh gach neamhchosanta. Ní bheidh na paraiméadair atá fágtha a bhfuil gá leo sa ríomh faoi réir athruithe. Beidh PD-- bunaithe ar ríomh a dhéanfar ar leithligh le haghaidh gach gráid féichiúnaí. Úsáidfear na gráid féichiúnaí mar a thuairiscítear iad i gcolún 0005 de theimpléad C 08.02 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451 ón gCoimisiún (Féach teimpléad C 08.01 colún 0010, agus teimpléad C 08.02 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin chun treoracha a fháil). I gcás gach gráid féichiúnaí, is é p^{--} an luach deimhneach is lú a chomhlíonann an chothromóid $$p^{--} + \Phi^{-1}(q) \bullet \sqrt{\frac{p^{--} \bullet (1 - p^{--})}{n}} \geq DR_{5y}$$ where $DR_{5y} > 0$, agus $p^{-} = 0$ i gcás $DR_{5y} = 0$ Sa chothromóid seo, Φ^{-1} = feidhm inbhéartach an dáileacháin normalaigh chaighdeánaithe (charnaigh); q = an leibhéal muiníne arna shocrú ag 90 %; DR_{5y} = ráta mainneachtana na 5 bliana dheireanacha le haghaidh an ghráid féichiúnaí, arna ríomh mar mheán simplí cúig ráta mainneachtana cás-ualaithe 1 bhliana; n = an líon féichiúnaithe nach raibh ar mainneachtain agus ar sannadh an grád féichiúnaí lena mbaineann dóibh díreach bliain amháin roimh an dáta tagartha. I gcás gach féichiúnaí, is ionann PD-- agus p^{--}, i gcás ina ríomhfar p^{--} i gcomhréir leis an bhfoirmle a leagtar amach sa cheathrú fomhír le haghaidh an ghráid féichiúnaí a shanntar don fhéichiúnaí.

Colún	Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
0280	MNCUR++		Déanfaidh institiúidí MNCUR++ a ríomh agus a thuairisciú le haghaidh na bpunann dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, teimpléad 103 lena ngabhann na comharthaí aitheantais punainne seo a leanas: CORP_ALL_0086_CT_****_**_***_ALL SMEC_ALL_0106_CT_****_**_***_ALL MORT_ALL_0094_CT_****_**_***_ALL SMOT_ALL_0106_CT_****_**_***_ALL RSMS_ALL_0106_CT_****_**_***_ALL RETO_ALL_0094_CT_****_**_***_ALL RQRR_ALL_0094_CT_****_**_***_ALL Is éard a bheidh in MNCUR++ an MNCUR hipitéiseach, tar éis fachtóirí tacaíochta, a eascraíonn as cur i bhfeidhm luachanna PD ++ seachas luachanna PD na hinstitiúide, le haghaidh gach neamhchosanta. Ní bheidh na paraiméadair atá fágtha a bhfuil gá leo sa ríomh faoi réir athruithe. Beidh PD++ bunaithe ar ríomh a dhéanfar ar leithligh i gcás gach gráid féichiúnaí. Úsáidfear na gráid féichiúnaí mar a thuairiscítear iad i gcolún 0005 de theimpléad C 08.02 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451 ón gCoimisiún (Féach teimpléad C 08.01, colún 0010, agus teimpléad C 08.02 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin chun treoracha a fháil). I gcás gach gráid féichiúnaí, is é p^{++} an luach deimhneach is mó a chomhlíonann an chothromóid $$p^{++} - \Phi^{-1}(q) \bullet \sqrt{\frac{p^{++} \bullet (1 - p^{++})}{n}} \leq DR_{5y}$$ sa chothromóid seo, Φ^{-1} = feidhm inbhéartach an dáileacháin normalaigh chaighdeánaithe (charnaigh); q = an leibhéal muiníne arna shocrú ag 90 %; DR_{5y} = ráta mainneachtana na 5 bliana dheireanacha le haghaidh an ghráid féichiúnaí, arna ríomh mar mheán simplí cúig ráta mainneachtana cás-ualaithe 1 bhliana; n = an líon féichiúnaithe nach raibh ar mainneachtain agus ar sannadh an grád féichiúnaí lena mbaineann dóibh díreach bliain amháin roimh an dáta tagartha. I gcás gach féichiúnaí, is ionann PD++ agus p^{++}, i gcás ina ríomhfar p^{++} i gcomhréir leis an bhfoirmle a leagtar amach sa cheathrú fomhír le haghaidh an ghráid féichiúnaí a shanntar don fhéichiúnaí.

C 105.01 – Sainmhíniú ar shamhlacha inmheánacha

Colún	Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
0010	Comhartha aitheantais na samhla inmheánaí		Tuairisceoidh an institiúid comhartha aitheantais na samhla inmheánaí arna shannadh ag an údarás inniúil. I gcás nach bhfuil fáil air sin, tuairisceoidh an institiúid comhartha aitheantais na samhla inmheánaí arna shannadh aige féin. Le comhartha aitheantais na samhla inmheánaí tagrófar go huathúil do shamhail inmheánach arna formheas ag an údarás inniúil agus arna húsáid chun MNCUR a ríomh. Aitheantóir ró a bheidh ann agus beidh sé uathúil i gcás gach ró sa teimpléad.
0020	Ainm na samhla		Tuairisceofar ainm na samhla arna shannadh don tsamhail inmheánach ag an institiúid a dhéanann an tuairisciú.
0030	Paraiméadar riosca IRBA		Is éard a bheidh i bparaiméadar riosca chur chuige IRB ceann de na nithe seo a leanas: (a) PD; (b) LGD; (c) CCF. I gcás samhail inmheánach le haghaidh Corparáidí – Neamhchosaintí ar Iasachtú Speisialaithe faoi Airteagal 153(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ('Critéir um shliotánú iasachtaithe speisialaithe'), fágfar an réimse bán nó cuirfear 'NEAMHNÍ' isteach.
0040	EAD	Teimpléad C08.01, colún 0110, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451	Tuairisceofar luach neamhchosanta comhiomlán na neamhchosaintí laistigh de raon feidhme chur i bhfeidhm na samhla rátála.
0050	Meánráta mainneachtana EAD-ualaithe do chalabrúchán		Tuairisceofar meán EAD-ualaithe na rátaí mainneachtana bliantúla, i gcás ina n-úsáidtear i gcalabrú samhlacha PD é. Ní chomhlánófar an fhaisnéis sin ach le haghaidh samhlacha PD. Úsáidfear na sonraí a úsáidtear i gcalabrú na bparaiméadar samhlacha. Murab ann do shonraí inmheánacha agus má tá an calabrú bunaithe ar shonraí seachtracha, tuairisceofar na sonraí seachtracha.
0060	Meánráta mainneachtana cás-ualaithe do chalabrúchán		Tuairisceofar meán simplí na rátaí mainneachtana cás-ualaithe bliantúla a úsáidtear i gcalabrú samhlacha PD. Ní chomhlánófar an fhaisnéis sin ach le haghaidh samhlacha PD. Úsáidfear na sonraí a úsáidtear i gcalabrú na bparaiméadar samhlacha. Murab ann do shonraí inmheánacha agus má tá an calabrú bunaithe ar shonraí seachtracha, tuairisceofar na sonraí seachtracha.
0070	PD fadtréimhse		Tuairisceofar an claonadh lárnach a úsáideann an institiúid i gcalabrú na samhlacha a bhfuil aon choigeartú stuamachta ar mheán cás-ualaithe simplí na rátaí mainneachtana bliantúla a úsáidtear chun samhlacha PD a chalabrú curtha san áireamh ann. Ní chomhlánófar an fhaisnéis sin ach le haghaidh samhlacha PD.
0080	Ráta leighis ar shócmhainn mhainnithe		Is éard a bheidh sa ráta leighis ar shócmhainn mhainnithe céatadán den mhéid amuigh atá mainnithe a fhaigheann stádas 'neamh-mhainneachtana' arís thar thréimhse 12 mhí. Aon institiúid nach ríomhann rátaí leighis le haghaidh samhail áirithe, ríomhfaidh sí ionadaí le haghaidh rátaí leighis, i gcomhréir leis an sainmhíniú arna sholáthar. Tuairisceoidh an institiúid úsáid ionadaí don údarás inniúil. Ní chomhlánófar an fhaisnéis ach le haghaidh samhlacha LGD.

Colún	Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
0090	Ráta aisghabhála le haghaidh sócmhainní foriata neamhleasaithe		Tuairisceofar an meánráta aisghabhála cás-ualaithe le haghaidh mainneachtainí neamhleasaithe a áirítear san amshraith a úsáideann an institiúid chun samhlacha LGD maidir le sócmhainní neamh-mhainneachtana a chalabrú. Úsáidfear na sonraí a úsáidtear i gcalabrú na bparaiméadar samhlacha. Murab ann do shonraí inmheánacha agus má tá an calabrú bunaithe ar shonraí seachtracha, tuairisceofar na sonraí seachtracha. Maidir le hinstitiúid nach bhfuil ráta aisghabhála sonrach aici le haghaidh mainneachtainí neamhleasaithe i ngeall ar nós imeachta aisghabhála neamhiomlán, ríomhfaidh sí ionadaí aisghabhálacha a breathnaíodh chomh maith le meastacháin ar aisghabhálacha le haghaidh réiteach neamhiomlán á gcur san áireamh. Tuairisceoidh an institiúid úsáid ionadaí don údarás inniúil. Ní chomhlánófar an fhaisnéis ach le haghaidh samhlacha LGD.
0100	Fad na tréimhse aisghabhála le haghaidh sócmhainní foriata neamhleasaithe		Tuairisceofar meánfhad cás-ualaithe na tréimhse aisghabhála (ó thús an stádais mainneachtana go dtí dáta críochnaithe na nósanna imeachta aisghabhála) le haghaidh na mainneachtainí neamhleasaithe a áirítear san amshraith a úsáideann an institiúid chun samhlacha LGD maidir le sócmhainní neamh-mhainneachtana a chalabrú. Sloinnfear an meánfhad cás-ualaithe de réir an lín laethanta. Úsáidfear na sonraí a úsáidtear i gcalabrú na bparaiméadar samhlacha. Murab ann do shonraí inmheánacha agus má tá an calabrú bunaithe ar shonraí seachtracha, tuairisceofar na sonraí seachtracha. Maidir le hinstitiúid nach bhfuil fad tréimhse aisghabhála sonrach aici le haghaidh mainneachtainí neamhleasaithe i ngeall ar nós imeachta aisghabhála neamhiomlán, ríomhfaidh sí ionadaí agus an sainmhíniú arna soláthar á chur san áireamh. Tuairisceoidh an institiúid úsáid ionadaí don údarás inniúil. Ní chomhlánófar an fhaisnéis ach le haghaidh samhlacha LGD.
0110	Cinneadh comhpháirteach	Airteagal 20(2), pointe (a); de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	Tuairisceoidh an institiúid an ann do chinneadh comhpháirteach nó nach ann dó maidir le ceanglais stuamachta idir an t-údarás comhdhlúthacháin agus an t-údarás óstach inniúil maidir le cead cur chuige IRB a úsáid le haghaidh ríomh na gceanglas stuamachta le haghaidh neamhchosaintí atá i seilbh fhochuideachtaí na n-institiúidí sna punanna tagarmharcála arna dtuairisciú.
0120	Maoirseoir comhdhlúthaithe	Airteagal 20 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	Tuairisceofar Cód ISO na tíre atá ag tír thionscnaimh an údaráis inniúil atá freagrach as maoirseacht chomhdhlúite na hinstitiúide a úsáideann cur chuige IRB.
0130	MNCUR	Teimpléad C08.01, Colún 0260, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451	Tuairisceofar an MNCUR comhiomlán tar éis fachtóirí tacaíochta (fachtóirí tacaíochta FBM agus bonneagair) na neamhchosaintí laistigh de raon feidhme chur i bhfeidhm na samhla rátála.

Colún	Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
0140	Forlíontáin MNCUR		Na breiseáin MNCUR, beidh siad i bhfo-shuíomh ('agus den mhéid sin') den MNCUR (Teimpléad C105.01, colún 0130) agus beidh an méid seo a leanas san áireamh iontu: a) an MNCUR a chuirtear leis an MNCUR atá ann mar thoradh ar chur i bhfeidhm pharaiméadar/pharaiméadair riosca na samhla i ngeall ar bhearta inmheánacha breise coimeádachais a chuirtear i bhfeidhm go díreach ar an MNCUR, más ann dóibh; b) an MNCUR a chuirtear leis an MNCUR atá ann mar thoradh ar chur i bhfeidhm pharaiméadar/pharaiméadair riosca na samhla i ngeall ar bhearta maoirseachta a chuirtear i bhfeidhm go díreach ar an MNCUR, más ann dóibh. Leis na méideanna faoi phointí (a) agus (b), ní chuimseofar bearta atá léirithe cheana sa PD (teimpléad C102, colún 0060 agus teimpléad C103, colún 0060), CCF (colún 0100 de theimpléid C102 agus C103) ná LGD (teimpléid C102 agus C103, colún 0130), ach beidh siad teoranta do bhearta a chuirtear i bhfeidhm go díreach ar an MNCUR agus, más ábhartha, sa bhreis ar na héarlaisí coimeádachais agus na bearta maoirseachta (iolraitheoirí, forlíontáin, íosrátaí nó bearta comhchosúla) lena méadaítear na paraiméadair riosca. Ní bheidh éifeacht na mbeart a d'fhéadfadh a bheith ann faoi Airteagal 458 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 san áireamh i bhforlíontáin MNCUR. I gcás nach féidir leis an institiúid na coigeartuithe coimeádacha ábhartha a aonrú, beidh feidhm ag Cuid I, pointe 3.

C 105.02 – Mapáil samhlacha inmheánacha le punanna

Colún	Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
0010	Comhartha aitheantais na punainne	Teimpléad C102, colún 0010 agus teimpléad C103, colún 0010	Tuairisceofar comhartha aitheantais na punainne lena sainaithnítear an phunann go huathúil i gcomhréir le teimpléid C102 agus C103 d'Iarscríbhinn I. Aitheantóir ró ilchodach atá i gcolúin 0010 agus 0020 agus le chéile beidh siad uathúil i gcás gach ró sa teimpléad seo.
0020	Comhartha aitheantais na samhla inmheánaí	Teimpléad C 105.01, colún 0010	Tuairisceofar comhartha aitheantais na samhla inmheánaí arna shannadh ag an institiúid tuarascála. Aitheantóir ró ilchodach atá i gcolúin 0010 agus 0020 agus le chéile beidh siad uathúil i gcás gach ró i dteimpléad C105.02.
0030	EAD	Teimpléad C08.01, colún 0110, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451	Tuairisceofar luach neamhchosanta comhiomlán na neamhchosaintí atá san áireamh sa phunann a shainmhínítear le colún 0010 agus atá laistigh de raon cur i bhfeidhm na samhla rátála a shainmhínítear le colún 0020. I gcás ina láimhseálfar neamhchosaintí uile punainne áirithe le samhail shonrach amháin, is ionann luach na neamhchosanta agus an méid a thuairisceofar le haghaidh na punainne céanna i gcolún 0110 de theimpléid C 102 nó C 103, de réir mar is infheidhme.
0040	MNCUR	Teimpléad C08.01, colún 0260, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451	Tuairisceofar an MNCUR comhiomlán, tar éis fachtóirí tacaíochta, le haghaidh na neamhchosaintí atá san áireamh sa phunann a shainmhínítear le colún 0010 agus atá laistigh de raon cur i bhfeidhm na samhla rátála a shainmhínítear le colún 0020. I gcás ina láimhseálfar neamhchosaintí uile punainne áirithe le samhail shonrach amháin, is ionann an MNCUR agus an méid a thuairisceofar le haghaidh na punainne céanna i gcolún 0170 de theimpléid C 102 nó C 103, de réir mar is infheidhme.

C 105.03 – Mapáil samhlacha inmheánacha le tíortha

Colún	Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
0005	Comhartha aitheantais an ró		Is éard a bheidh sa chód sin aitheantóir ró agus beidh sé uathúil i gcás gach ró sa teimpléad. Leanfaidh sé ord uimhriúil 1, 2, 3, etc.
0010	Comhartha aitheantais na samhla inmheánaí	Teimpléad C105.01, colún 0010	Tuairisceofar comhartha aitheantais na samhla inmheánaí arna shannadh ag an institiúid tuarascála. I gcás ina bhfuil comhartha aitheantais na samhla inmheánaí bainteach le roinnt tíortha, tuairisceofar rónna ar leith i gcás gach teaglaim de 'Comhartha aitheantais na samhla inmheánaí' agus 'Suíomh na hinstitiúide'. Aitheantóir ró ilchodach atá i gcolúin 0010 agus 0020 agus beidh a dteaglaim uathúil i gcás gach ró sa teimpléad.
0020	Suíomh na hinstitiúide	Airteagal 20 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	Tuairisceofar cód ISO thír chónaí dhlíthiúil gach fochuideachta i gcás ina bhfuil neamhchosaintí IRB a thuairiscítear le haghaidh gach punainne tagarmharcála taifeadta, gan beann ar aon chead a bheith deonaithe ag an maoirseoir óstach chun cur chuige IRB a chur i bhfeidhm."

IARSCRÍBHINN II

'IARSCRÍBHINN V

IONSTRAIMÍ AGUS PUNANNA TAGARMHAIRC MAIDIR LE RIOSCA MARGAIDH

Roinn 1: Treoracha

Roinn 2: Ionstraimí

Roinn 3: Punanna aonair - Ionstraim aonair

Roinn 4: Punanna aonair - Ilionstraimí

Roinn 5: Punanna Comhiomlánaithe

Roinn 6: Sonraíochtaí breise le haghaidh ionstraimí

Roinn 7: Punanna Bailíochtaithe SBM

Roinn 1: Treoracha

(a) Chun críocha na hIarscríbhinne seo, tá feidhm ag an méid seo a leanas:

(i) ciallaíonn 'dáta taifeadta' an dáta agus an t-am nuair a dhéanann institiúidí na hidirbhearta a thaifeadadh chun críocha an chleachtaidh tagarmharcála;

(ii) ciallaíonn 'Luacháil Margaidh Tosaigh (IMV)' luach marcáilte ón margadh na n-ionstraimí dá dtagraítear i Roinn 2 den Iarscríbhinn seo, ar dháta tagartha agus ag am tagartha IMV;

(iii) ciallaíonn 'dáta tagartha IMV' an dáta agus an t-am dá dtagraíonn institiúidí agus luacháil margaidh tosaigh á cinneadh acu i dtaobh na n-idirbheart sa phunann tagarmharcála;

(iv) ciallaíonn 'dáta seoltáin IMV' an dáta faoina ndéanfaidh institiúidí torthaí IMV na n-idirbheart sa phunann tagarmharcála a thíolacadh;

(v) ciallaíonn 'VaR' an luach faoi riosca;

(vi) ciallaíonn 'sVaR' an luach faoi riosca i ndálaí anáis;

(vii) ciallaíonn 'IRC' an Muirear Incriminteach Riosca;

(viii) ciallaíonn 'CTP' an phunann trádála comhghaoil;

(ix) ciallaíonn 'APR' an Praghasriosca Iomlán a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 377(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(x) ciallaíonn 'Tomhais Riosca' (RM) an luach VaR, sVaR, agus, nuair is gá, an luach IRC agus APR le haghaidh na bpunann, mar a leagtar amach i Ranna 3, 4 agus 5 den Iarscríbhinn seo, idir an dáta tagartha tosaigh RM agus an dáta tagartha deiridh RM;

(xi) ciallaíonn 'dáta tagartha tosaigh RM' an dáta ar a dtosóidh na hinstitiúidí na luachanna RM a ríomh;

(xii) ciallaíonn 'dáta tagartha deiridh RM' an dáta ar a gcríochnóidh na hinstitiúidí na luachanna RM a ríomh;

(xiii) ciallaíonn 'dáta seoltáin RM' an dáta faoina ndéanfaidh na hinstitiúidí torthaí RM na n-idirbheart sa phunann tagarmharcála a thíolacadh;

(xiv) ciallaíonn 'Luach Láithreach (PV)' luach marcáilte ón margadh na bpunann, a leagtar amach i Roinn 3 den Iarscríbhinn seo, ar an dáta tagartha deiridh RM;

(xv) ciallaíonn 'ATM' 'Ag An Airgead' i dtéarmaí suíomh coibhneasta praghais reatha nó praghais todhchaí shócmhainn fhorluiteach an díorthaigh i ndáil le praghas ceangail an díorthaigh sin;

(xvi) ciallaíonn 'OTM' 'As An Airgead' i dtéarmaí staid choibhneasta praghais reatha nó praghais todhchaí shócmhainn fhorluiteach an díorthaigh i ndáil le praghas feidhmithe an díorthaigh sin;

(xvii) ciallaíonn 'ITM' 'San Airgead' i dtéarmaí staid choibhneasta praghais reatha nó praghais todhchaí shócmhainn fhorluiteach an díorthaigh i ndáil le praghas ceangail an díorthaigh sin;

(xviii) ciallaíonn 'fada' 'ceannaithe' agus ciallaíonn 'gearr' 'díolta';

(xix) ciallaíonn 'CDS' Babhtálacha Mainneachtana Creidmheasa;

(xx) i gcás CDS, ciallaíonn 'fada' 'ceannaíodh cosaint' agus ciallaíonn 'gearr' 'díoladh cosaint';

(xxi) ciallaíonn 'MLN' 'i milliúin';

(xxii) ciallaíonn 'OTC' Thar an gCuntar;

(xxiii) ciallaíonn 'ASA' an cur chuige caighdeánaithe malartach dá dtagraítear i gCuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 1a, Roinn 1 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(xxiv) ciallaíonn 'SBM' an Modh Íogaireacht-bhunaithe dá dtagraítear i gCuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 1a, Roinn 2 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(xxv) ciallaíonn 'DRC' an ceanglas maidir le Riosca Mainneachtana dá dtagraítear i gCuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 1a, Roinn 5 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(xxvi) ciallaíonn 'RRAO' Forlíontán an Riosca Iarmharaigh dá dtagraítear i gCuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 1a, Roinn 4 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

(b) Beidh feidhm ag na dátaí seo a leanas maidir leis an gcleachtadh 'tagarmharcála':

(i) is é an 30 Eanáir 2025 an dáta taifeadta;

(ii) is é an 6 Feabhra 2025 (ar 5:30 pm CET) a bheidh mar an dáta tagartha IMV (agus SBM tosaigh);

(iii) is é an 28 Feabhra 2025 an dáta seoltáin IMV (agus SBM tosaigh, agus bailíochtaithe SBM);

(iv) is é an 2 Meitheamh 2025 an dáta tagartha tosaigh RM;

(v) is é an 13 Meitheamh 2025 an dáta tagartha deiridh RM (agus ASA deiridh);

(vi) is é an 18 Iúil 2025 an dáta seoltáin RM (agus ASA deiridh).

(c) Mura sonraítear a mhalairt go sainráite i Roinn 2 den Iarscríbhinn seo, déanfar gach suíomh a thaifeadadh ar an dáta taifeadta dá dtagraítear i bpointe (b)(i) den Roinn seo. A luaithe a bheidh na suíomhanna taifeadta, rachaidh gach punann in aois ar feadh thréimhse an chleachtaidh tagarmharcála agus déanfar iad a ríomh de réir na toimhde nach ndéanfaidh an institiúid aon ghníomhaíocht chun an phunann a bhainistiú ar bhealach ar bith le linn thréimhse iomlán an chleachtaidh tagarmharcála. Mura sonraítear a mhalairt go sainráite sna sonraíochtaí le haghaidh ionstraim áirithe, déanfar na praghsanna ceangail le haghaidh suíomhanna rogha a chinneadh i gcoibhneas leis na praghsanna don shócmhainn fhorluiteach mar a fheictear iad ar dhruidim an mhargaidh ar an dáta taifeadta.

(d) Chun críocha na luachála margaidh tosaigh, cuirfear luacháil gach ionstraime faoi bhráid údarás inniúil na hinstitiúide faoin dáta seoltáin IMV. Faoin dáta sin, tíolacfaidh an institiúid nóta míniúcháin in éineacht leis na torthaí, i gcomhréir le pointe (e). Soláthrófar IMV i gcomhréir le luacháil oifig thosaigh na hinstitiúide, i gcás inar féidir. I gcás nach soláthraíonn oifig thosaigh na hinstitiúide IMVanna, sonróidh an institiúid sa nóta míniúcháin cé a bheidh i soláthraí foinse na sonraí IMV.

(e) Áireofar ar an nóta míniúcháin atá le cur isteach ag institiúidí in éineacht le IMV gach ceann díobh seo a leanas le haghaidh gach ionstraime:

(i) na fachtóirí riosca a úsáidtear chun IMV na hionstraime a ríomh;

(ii) an tsamhail phraghsála a úsáidtear chun IMV na hionstraime a ríomh mar aon le tuairisc ar an tsamhail phraghsála sin;

(iii) na fachtóirí riosca a áirítear i samhail VaR na hionstraime;

(iv) na fachtóirí riosca a áirítear sa tsamhail VaR ar ionchuir luachála iad freisin le haghaidh IMV na hionstraime;

(v) sonraí na samhla VaR maidir leis an ionstraim;

(vi) sonraí tagartha atá ar fáil don ionstraim i bhformáid na hinstitiúide féin;

(vii) na gnéithe dá dtagraítear i bpointí (h), (i), (k), (m), (n), (o), (v), (w), (y), (gg) agus (kk) den Roinn seo.

(f) Chun críocha phointe (e), fophointe (v), tuairisceofar gach ceann díobh seo a leanas:

(i) tuairiscí achoimre ar an tsamhail VaR;

(ii) modhanna athluachála a chuirtear i bhfeidhm;

(iii) foirm fheidhmiúil a chuirtear i bhfeidhm chun tuairisceáin a shamhaltú (amhail dearbhthuairisceáin, tuairisceáin choibhneasta, modhanna eile);

(iv) faisnéis cháilíochtúil maidir leis an amshraith a úsáidtear chun samhail VaR a chalabrú maidir leis an ionstraim (amhail foinse, modheolaíocht maidir le normalú, buicéid a chuirtear i bhfeidhm, faisnéis eile atá ábhartha dar leis na hinstitiúidí chun na torthaí a sholáthraítear a mhíniú).

(g) Déanfar an nóta míniúcháin dá dtagraítear i bpointe (d) a nuashonrú le gach atíolacadh d'aon luach, chun na hathruithe a dhéantar idir gach tíolacadh a léiriú. Beidh roinn amháin sa nóta míniúcháin ina liostófar na dátaí tíolactha uile mar aon leis na cúiseanna a ghabhann le gach atíolacadh.

(h) Déanfar riosca na suíomhanna a ríomh gan na costais chistiúcháin a chur san áireamh. I gcás inarb infheidhme, úsáidfidh institiúidí ráta thar oíche airgeadra na hionstraime mar ráta lascaine. Measfar an comhaontú comhthaobhachta a bheith i bhfeidhm maidir leis na hionstraimí díorthach dá dtagraítear i Roinn 2 den Iarscríbhinn seo. I gcás nach bhfuil sé sin indéanta, cuirfear cúiseanna ar fáil sa nóta míniúcháin dá dtagraítear i bpointe (d).

(i) Ní chuirfear riosca creidmheasa an chontrapháirtí agus coigeartú ar luacháil creidmheasa (‘CVA’) san áireamh i luacháil rioscaí na bpunann. I gcás nach bhfuil sé sin indéanta, cuirfear cúiseanna ar fáil sa nóta míniúcháin dá dtagraítear i bpointe (d) den Roinn seo. Tabharfaidh institiúidí tuairisc ar chásanna ina bhfuil tíopeolaíochtaí eile maidir le Coigeartuithe Luachála curtha san áireamh in IMV agus míneoidh siad, i gcás gach ionstraime airgeadais, an mhodheolaíocht agus an tionchar sa nóta míniúcháin dá dtagraítear i bpointe (d) den Roinn seo.

(j) I gcás idirbhearta lena n-áirítear suíomhanna fada in CDS, déanfaidh institiúidí talamh slán de go n-íocfar táille tosaigh chun an suíomh a ghlacadh de réir chaighdeáin agus chomhghnásanna an mhargaidh. Comhfhreagróidh an dáta aibíochta le haghaidh gach CDS do na gnáthdhátaí ráithiúla foirceanta.

(k) Beidh na sonraíochtaí breise is gá chun ríomhanna praghsála a chur i gcrích, ríomhanna atá riachtanach le haghaidh shíomhanna CDS, i gcomhréir le caighdeáin agus comhghnásanna an mhargaidh a úsáidtear go coitianta agus míneofar iad sa nóta míniúcháin dá dtagraítear i bpointe (d) den Roinn seo.

(l) Áiritheofar leis an dáta aibíochta go mbeidh an t-idirbheart is gaire don ‘téarma go dtí aibíocht’ a shonrófar i gcomhréir le caighdeáin agus le comhghnásanna an mhargaidh.

(m) Maidir le mionsonraí ionstraimí nach dtagraítear dóibh i Roinn 2 den Iarscríbhinn seo, soláthróidh institiúidí na toimhdí arna n-úsáid, lena n-áireofar an coinbhinsiún maidir le háireamh laethanta agus an rogha maidir le hionstraim intrádála leachtach, nuair a cheadaítear sin, mar aon leis na torthaí sa nóta míniúcháin dá dtagraítear i bpointe (d) den Roinn seo.

(n) Institiúidí a chreideann go bhfuil toimhdí sa bhreis orthu sin atá sonraithe sa Roinn seo ábhartha maidir le léirmhíniú thorthaí a gcleachtaidh, lena n-áirítear uainiú scoir gnó, rollaí cúpóin, mapáil i gcoinne innéacsanna agus eile, cuirfidh siad tuairisc ar na toimhdí sin isteach sa nóta míniúcháin dá dtagraítear i bpointe (d) den Roinn seo.

(o) Sa nóta míniúcháin dá dtagraítear i bpointe (d) den Roinn seo beidh míniúcháin ar na rioscaí nach ngabhtar faoin tsamhail le haghaidh na n-ionstraimí dá dtagraítear i Roinn 2 den Iarscríbhinn seo.

(p) Láimhseálfar gach rogha amhail is dá ndéanfaí iad a thrádáil thar an gcuntar, mura sonraítear a mhalairt go sainráite.

(q) Leanfar na gnáthchoinbhinsiúin uainiúcháin maidir le roghanna thar an gcuntar. Is é ‘n’ mí a bheidh sa tréimhse go dtí aibíocht le haghaidh rogha ‘n - mí’. I gcás ina rachaidh roghanna in éag ar lá neamhthrádála, déanfaidh institiúidí an dáta éagtha a choigeartú in aghaidh an dáta gnó, i gcomhréir le caighdeáin agus le comhghnásanna an mhargaidh.

(r) Déanfar gach rogha thar an gcuntar a láimhseáil mar a leanas:

  (i) mar OTC Meiriceánach i gcás cothromais agus tráchtearraí aonainm;

  (ii) mar OTC Eorpach i gcás innéacsanna cothromais, malairt eachtrach agus roghtálacha.

(s) Measfar gach rogha thar an gcuntar a bheith ‘nocht’ le go n-eisiafar an phréimh ón luacháil margaidh tosaigh.

(t) Maidir le CTPanna, institiúidí a mbeidh cead acu samhail APR a úsáid le haghaidh CTPanna, cuirfidh siad mionsonraí ar fáil faoina dtoimhdí, caighdeáin agus comhghnásanna an mhargaidh is ábhartha maidir le hionstraimí CTP dá dtagraítear i Roinn 2 den Iarscríbhinn seo, lena n-áireofar na cóimheasa fálaithe a bheidh ríofa acu chun ionstraimí CTP a dhéanamh neodrach ó thaobh CS01 de ar an dáta taifeadta.

(u) Soláthrófar IMV le haghaidh gach ionstraime in airgeadra ionstraim ÚBE a shonraítear i Roinn 2 den Iarscríbhinn seo don ionstraim sin.

(v) Maidir le punanna atá comhdhéanta d’ionstraim amháin nó níos mó atá ainmnithe in airgeadraí ionstraim ÚBE atá éagsúil le hairgeadra na punainne ÚBE, déanfar an toradh a chomhshó in airgeadra na punainne ÚBE a thuairiscítear agus úsáid á baint as spotráta malairte BCE ar an dáta ábhartha. Míneofar an toradh comhshóite sa nóta míniúcháin dá dtagraítear i bpointe (d) den Roinn seo.

(w) Nuair a bheidh suíomhanna á gcur in áirithe, leanfaidh institiúidí coinbhinsiúin iomchuí an mhargaidh, mura sonrófar a mhalairt sna treoracha sin sna tuairiscí Ionstraimí (Roinn 2 den Iarscríbhinn seo).

(x) I gcás ina bhfuil ionstraim, nó ionstraim fhorluiteach le haghaidh díorthaigh, faoi réir gníomhaíocht chorparáideach a bhfuil tionchar aici ar an gcleachtadh tagarmharcála, amhail glao ón eisitheoir, mainneachtain nó gníomhaíochtaí comhchosúla, déanfaidh institiúidí ionstraim den sórt sin a eisiamh ón bhfeidhmiú in éineacht le haon CDS gaolmhar nó rogha ghaolmhar.

(y) Maidir le sraith innéacs, tagraíonn 'on-the-run' '[is mó éileamh]' don tsraith is leachtaí agus is intrádála den innéacs sin atá ar fáil ar an margadh. Míneoidh institiúidí a rogha sraith 'is mó éileamh' mar aon leis na torthaí gaolmhara sa nóta míniúcháin lena mbaineann dá dtagraítear i bpointe (d) den Roinn seo.

(z) I gcás nach sonraítear a mhalairt, cuirfidh na hinstitiúidí Rialachán an Aontais maidir le Tagarmhairc i bhfeidhm don ráta ús chun na hionstraimí dá dtagraítear i Roinn 2 den Iarscríbhinn seo a thaifeadadh. Sonróidh na hinstitiúidí an ráta a cuireadh i bhfeidhm, cé is moite de na cinn a shonraítear i Roinn 2 den Iarscríbhinn seo, sa nóta míniúcháin dá dtagraítear i bpointe (d) den Roinn seo.

(aa) Ríomhfar na tomhais riosca le haghaidh na bpunann dá dtagraítear i Ranna 3, 4 agus 5 den Iarscríbhinn seo, mar aon leis an Luach Láithreach, ón 'dáta tagartha tosaigh RM' go dtí an 'dáta tagartha deiridh RM'. Ríomhfar tomhais riosca ASA FRTB (SBM, DRC agus RRAO) le haghaidh 'an dáta tagartha deiridh RM'. Cuirfidh institiúidí torthaí na ríomhanna sin faoi bhráid a n-údarás inniúil faoin dáta seoltáin RM. Déanfar IMV agus SBM a thuairisciú maidir le gach ionstraim. Déanfar tomhais riosca, SBM, DRC, RRAO agus Luach Láithreach, i gcás inarb infheidhme, a thuairisciú maidir le gach punann, idir phunanna aonair agus chomhiomlánaithe. Tuairisceofar SBM, DRC agus RRAO, i gcás inarb infheidhme, le haghaidh na bpunann céanna ar a laghad a ndéantar tomhais riosca a thuairisciú ina leith.

(bb) Maidir leis na punanna dá dtagraítear i Roinn 7, tuairisceoidh institiúidí torthaí SBM agus cuirfidh siad isteach iad i gcomhréir le dátaí tuairiscithe thíolacadh IMV.

(cc) Is institiúidí ar tugadh cead dóibh riosca sonrach ionstraimí fiachais a shamhaltú, agus na hinstitiúidí sin amháin, a thuairisceoidh punanna lena mbaineann raon difríochta creidmheasa. Maidir le punanna ráta úis lena n-áirítear riosca mar chuid d'ionstraimí áirithe, déanfaidh institiúidí ar tugadh cead dóibh an riosca úis ghinearálta a shamhaltú agus institiúidí ar tugadh cead dóibh an riosca úis ghinearálta mar aon leis an riosca úis shonraigh a shamhaltú, déanfaidh siad na punanna aonair agus na punanna comhiomlánaithe a shamhaltú.

(dd) Ní dhéanfar na torthaí le haghaidh na bpunann aonair agus comhiomlánaithe araon a thíolacadh ach amháin i gcás ina mbeidh torthaí na n-ionstraimí atá mar chuid díobh á dtíolacadh freisin.

(ee) I Roinn 2 den Iarscríbhinn seo (Ionstraimí), ciallóidh 'Bliain T' '2025' agus Bliain T + X ciallóidh sé 2025 + X, agus X mar a shonraítear i Roinn 2.

(ff) I Roinn 2 den Iarscríbhinn seo (Ionstraimí), cinnfidh institiúidí an lá éaga/aibíochta i gcomhréir leis na treoracha seo a leanas:

(i) I gcás ina sonraítear an dáta, úsáidfear an dáta sonrach sin;

(ii) I gcás nach sonraítear aon dáta, úsáidfear coinbhinsiún an mhargaidh, más ann dó. Más rud é, mar shampla, go bhfuil coinbhinsiún margaidh ann gurb é an 3ú hAoine den mhí an lá éaga/aibíochta, ansin ciallóidh 'Meitheamh Bhliain T' an 3ú hAoine den mhí i mbliain T;

(iii) Ag deireadh na míosa, i gcás ina sonraítear 'Deireadh', ciallóidh sé an lá féilire deireanach sa mhí;

(iv) I gcás tréimhse seasta i ndiaidh an 'dáta taifeadta', má shainítear an tréimhse mar líon laethanta, is é lá deiridh na tréimhse é. Más i seachtainí, i míonna nó i mblianta a shainítear an tréimhse, is é an lá céanna é den tseachtain, den mhí nó den bhliain dár gcionn i leith an dáta taifeadta, nó, más giorra í mí nó bliain dheireanach na tréimhse, is é an lá deireanach den mhí nó den bhliain sin é; más lá saoire é an 'dáta taifeadta + tréimhse x', ansin roghnaigh an lá oibre dár gcionn;

(v) I gcás nach sonraítear ar shlí eile é úsáidfear na toimhdí seo a leanas: An coinbhinsiún maidir le háireamh laethanta: Líon lae sa mhí iarbhír/Bliain 360 lá, Féilire laethanta saoire: Target2.

(gg) I Roinn 2 den Iarscríbhinn seo (Ionstraimí), i gcás gach CDS, ach amháin má shonraítear a mhalairt go sainráite, beidh feidhm ag na ceanglais seo a leanas:

(i) Minicíocht chúpóin: Gach ráithe;

(ii) Cúpón (bonnphointí): 100;

(iii) Áireamh laethanta: ACT/360;

(iv) Bliain Shainmhíniúcháin an Chomhlachais Idirnáisiúnta um Bhabhtálacha agus Díorthaigh (ISDA): 2014;

(v) Clásal athstruchtúrúcháin: Athstruchtúrú modhnaithe-modhnaithe (MMR);

(vi) Aibíocht: Nollaig Bliain T+4;

(vii) An cineál fiachais: Sinsearach;

(viii) Am fágtha roimh aibíocht: 5 bliana;

(ix) Dáta éifeachtach mar dháta taifeadta;

(x) Léireofar an cuar lascaine agus an ráta aisghabhála arna n-úsáid sa nóta míniúcháin dá dtagraítear i bpointe (d) den Iarscríbhinn seo.

(hh) Beidh ús fabhraithe san áireamh in IMV ionstraimí bannaí.

(ii) Soláthróidh institiúidí an fhaisnéis a bhaineann le ham luachála PV, lena luafar an t-am sa nóta míniúcháin dá dtagraítear i bpointe (d) den Roinn seo. I gcás inar féidir, ríomhfar luacháil PV ar uair scoir gnó an lae oibre.

(jj) Ríomhfar tomhais riosca na bpunann san airgeadra céanna agus atá airgeadra na punainne, gan aon Riosca Malairte Eachtraí (FX) a chur san áireamh, a bhaineann freisin le hairgeadra tuairiscithe na n-institiúidí. Ní chuirfear an Riosca FX san áireamh ach amháin i gcás ina gcuimsítear go dlúth sna hionstraimí é. I gcás ina dtuairiscítear torthaí an airgeadra tuairiscithe agus torthaí airgeadra na punainne mar chuid den chleachtadh, le haghaidh fhigiúirí ASA, aistreofar torthaí a ríomhtar in airgeadra tuairiscithe na hinstitiúide go hairgeadra na punainne ÚBE trí spot-chomhshó agus úsáid á baint as spotráta malairte BCE a bhaineann le dáta an ríomha. Leis an aistriú go hairgeadra na punainne ÚBE, ní thugtar athrú ar fhachtóirí riosca FX le fios.

(kk) I gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 325q(7) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ('cur chuige an bhunairgeadra'), agus ríomhanna SBM á dhéanamh agus íogaireachtaí SBM á dtuairisciú, measfaidh institiúidí fachtóirí riosca FX a eascraíonn cur i bhfeidhm chur chuige an bhunairgeadra. Ní shloinnfear na luachanna tuairiscithe sa bhunairgeadra roghnaithe ach sloinnfear in airgeadra tuairiscithe na n-institiúidí iad trí spot-chomhshó a chur i bhfeidhm agus úsáid á baint as spotráta malairte BCE a bhaineann leis an dáta ábhartha.

Roinn 2: Ionstraimí

Soláthróidh institiúidí IMV, i gcomhréir leis na treoracha a leagtar síos i Roinn 1 den Iarscríbhinn seo, le haghaidh na n-ionstraimí airgeadais seo a leanas, dá soláthróidh Institiúidí tomhais riosca agus Luach Láithreach na bpunann a shonraítear i Ranna 3 agus 4:

COTHROMAS

101. Suíomh fada Innéacs EURO STOXX 50 (Ticear: FESX) Todhchaíochtaí.

Méid barúlach: coibhéiseach le luach an innéacs iolraithe faoi 1 000 EUR

Stocmhalartán: Eurex

Dáta éaga: Meitheamh Bliain T

Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR

102. Suíomh fada 10 000 BAYER (Ticear: BAYN GR) scaireanna.

Stocmhalartán: Xetra

Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR

103. Suíomh gearr ar Thodhchaíochtaí BAYER (Ticear: BAYN GR).

Méid barúlach: coibhéiseach le luach 10 000 scair den tsócmhainn fholuiteach

Stocmhalartán: Eurex

Dáta éaga: Meitheamh Bliain T

Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR

104. Suíomh gearr ar Thodhchaíochtaí, STELLANTIS (Ticear: STLA FP).

Méid barúlach: coibhéiseach le luach 10 000 scair den tsócmhainn fholuiteach

Stocmhalartán: Euronext

Dáta éaga: Meitheamh Bliain T

Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR

105. Suíomh gearr ar Thodhchaíochtaí, ALLIANZ (Ticear: ALV GR).

Méid Barúlach: coibhéiseach le luach 10 000 scair den tsócmhainn fholuiteach

Stocmhalartán: Eurex

Dáta éaga: Meitheamh Bliain T

Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR

106. Suíomh gearr ar Thodhchaíochtaí BARCLAYS (Ticear: BARC LN).

Méid Barúlach: coibhéiseach le luach 10 000 scair den tsócmhainn fholuiteach

Stocmhalartán: Eurex

Dáta éaga: Meitheamh Bliain T

Airgeadra ionstraim ÚBE: GBP

107. Suíomh gearr ar Thodhchaíochtaí DEUTSCHE BANK (Ticear: DBK GR).

Méid Barúlach: coibhéiseach le luach 10 000 scair den tsócmhainn fholuiteach

Stocmhalartán: Eurex

Dáta éaga: Meitheamh Bliain T

Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR

108. Suíomh gearr ar Thodhchaíochtaí CRÉDIT AGRICOLE (Ticear: ACA FP).

Méid barúlach: coibhéiseach le luach 10 000 scair den tsócmhainn fholuiteach

Stocmhalartán: Euronext

Dáta éaga: Meitheamh Bliain T

Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR

109. Céadrogha Fhada ar Cheannach. Sócmhainn fhorluiteach BAYER (Ticear: BAYN GR), ATM (1 chonradh = 100 scair).

Méid Barúlach: coibhéiseach le luach 10 000 scair den tsócmhainn fholuiteach

Dáta éaga: Meitheamh Bliain T

Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR

110. Céadrogha Ghearr ar Cheannach. Sócmhainn fhorluiteach BAYER (Ticear: BAYN GR), ATM (1 chonradh = 100 scair).

Méid Barúlach: coibhéiseach le luach 10 000 scair den tsócmhainn fholuiteach

Dáta éaga: Nollaig Bliain T

Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR

111. Céadrogha Fhada ar Cheannach. Sócmhainn fhorluiteach PFIZER (Ticear PFE US) 10 % OTM, (1 chonradh = 100 scair).

Méid Barúlach: coibhéiseach le luach 10 000 scair den tsócmhainn fholuiteach

Dáta éaga: Meitheamh Bliain T

Airgeadra ionstraim ÚBE: USD

112. Céadrogha Fhada ar Dhíol. Sócmhainn fhorluiteach PFIZER (Ticear PFE US) 10 % OTM, (1 chonradh = 100 scair).

Méid Barúlach: coibhéiseach le luach 10 000 scair den tsócmhainn fholuiteach

Dáta éaga: Meitheamh Bliain T

Airgeadra ionstraim ÚBE: USD

113. Céadrogha Fhada ar Cheannach. Sócmhainn fhorluiteach BAYER (Ticear: BAYN GR), 10 % OTM (1 chonradh = 100 scair).

Méid Barúlach: coibhéiseach le luach 10 000 scair den tsócmhainn fholuiteach

Dáta éaga: Nollaig Bliain T

Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR

114. Céadrogha Ghearr ar Cheannach. Sócmhainn fhorluiteach BAYER (Ticear: BAYN GR), 10 % OTM (1 chonradh = 100 scair).

Méid Barúlach: coibhéiseach le luach 10 000 scair den tsócmhainn fholuiteach

Dáta éaga: Meitheamh Bliain T

Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR

115. Céadrogha Fhada ar Cheannach. Sócmhainn fhorluiteach AVIVA (Ticear: AV/LN), 10 % OTM (1 chonradh = 100 scair).

Méid Barúlach: coibhéiseach le luach 10 000 scair den tsócmhainn fholuiteach

Dáta éaga: Nollaig Bliain T

Airgeadra ionstraim ÚBE: GBP

116. Céadrogha Fhada ar Dhíol. Sócmhainn fhorluiteach AVIVA (Ticear: AV/LN), 10 % OTM (1 chonradh = 100 scair).

Méid Barúlach: coibhéiseach le luach 10 000 scair den tsócmhainn fholuiteach

Dáta éaga: Nollaig Bliain T

Airgeadra ionstraim ÚBE: GBP

117. Suíomh gearr ar Thodhchaíochtaí NIKKEI 225 (Ticear: NKY).

Méid barúlach: coibhéiseach le luach an innéacs iolraithe faoi 20 000 JPY

Stocmhalartán: CME

Dáta éaga: Meitheamh Bliain T

Airgeadra ionstraim ÚBE: JPY

118. Táirge Cothromais Inghlaoite go huathoibríoch.

Suíomh fada

Taifeadadh ar an ‘Dáta taifeadta’

Méid barúlach (‘Caipiteal’): EUR 1 000 000

Sócmhainn fhorluiteach: Innéacs EURO STOXX 50 (Ticear: SX5E)

Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR

Aibíocht: 5 bliana

Aisíocaíocht Bhliantúil agus breathnóireacht bhliantúil (‘Dáta taifeadta + 1 bhliain’, ‘Dáta taifeadta + 2 bhliain’, ‘Dáta taifeadta + 3 bliana’, ‘Dáta taifeadta + 4 bliana’, ‘Dáta taifeadta + 5 bliana’). Tarlaíonn aisíocaíocht 10 lá tar éis an dáta tagartha.

Cúpón: 6 %

Leibhéal an uathghlao (‘Luach tosaigh’): Deireadh lae an Dáta taifeadta + 1 mhí

Íocaíocht ar chúpón bacainne dar luach 60 % de leibhéal an uathghlao

Bacainn chosanta: 55 % de leibhéal an uathghlao

— Ní ráthaítear caipiteal má tá an t-innéacs faoi bhun na bacainne cosanta (beidh an caipiteal a chuirfear ar ais i mbliain 5 *pro rata* i gcás ina mbeidh an leibhéal faoi bhun na bacainne cosanta: mar shampla, má tá SX5E = 40 % dá leibhéal tosaigh, ansin is é 40 % an caipiteal a aischuirtear);

— Má tá SX5E ≥ 60 % (cúpón bacainne) den luach tosaigh ag deireadh aon bhliana, ansin is é 6 % an cúpón a íoctar;

— Má tá SX5E ≥ 100 % den luach tosaigh ag deireadh aon bhliana, ansin éilítear an toradh agus is é an íocaíocht an cúpón móide an caipiteal (100 %);

— Má tá SX5E < 60 % (cúpón bacainne) den luach tosaigh ag deireadh aon bhliana, ansin ní íoctar aon chúpón;

— Má tá SX5E < 55 % (bacainn chosanta) den luach tosaigh ag deireadh bhliain 5, ansin ní íoctar an caipiteal ach ar bhonn pro rata. Nó má tá SX5E>= 55 % (bacainn chosanta) den luach tosaigh ag deireadh bhliain 5, ansin íoctar an caipiteal ina iomláine.

119. Céadrogha Fhada ar Cheannach. Innéacs EURO STOXX 50 foluiteach (Ticear: SX5E), ATM.

Méid Barúlach: coibhéiseach le luach an innéacs iolraithe faoi 1 000 EUR

Dáta éaga: Meitheamh Bliain T

Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR

120. Céadrogha Fhada ar Cheannach. Innéacs EURO STOXX 600 foluiteach (Ticear: SXXP), ATM.

Méid Barúlach: coibhéiseach le luach an innéacs iolraithe faoi 10 000 EUR

Dáta éaga: Meitheamh Bliain T

Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR

121. Céadrogha Fhada ar Cheannach. VIX foluiteach (CBOE), ATM.

Méid Barúlach: coibhéiseach le luach an innéacs iolraithe faoi 100 000 USD

Dáta éaga: Meitheamh Bliain T

Airgeadra ionstraim ÚBE: USD

IR

201. IRS 5 bliana EUR – Faightear ráta seasta agus íoctar ráta comhlúthach.

Céim sheasta: faightear gach bliain

An ráta comhlúthach: EURIBOR 6 mhí, íoctar go leathbhliantúil. Áireamh laethanta: ACT/360

Méid Barúlach: EUR 10 000 000

Coinbhinsiún agus féilire maidir le hathsceidealú dátaí: caighdeánach

Dáta éifeachtach mar dháta taifeadta (i.e. na rátaí a úsáidfear ar dhruidim an mhargaidh ar an dáta taifeadta)

Aibíocht: Meán Fómhair Bliain T+4.

Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR

202. Roghtáil EUR dhá bhliain ar IRS 5 bliana EUR – íoctar ráta seasta agus faightear ráta comhlúthach.

Méid Barúlach: EUR 10 000 000.

Is í an institiúid díoltóir na rogha sa bhabhtáil. Ceannaíonn contrapháirtí na hinstitiúide an ceart dul isteach i mbabhtáil leis an institiúid; má fheidhmíonn an contrapháirtí a cheart, gheobhaidh an contrapháirtí an ráta seasta fad a gheobhaidh an institiúid an ráta comhlúthach.

Roghtáil lena mbaineann aibíocht 2 bhliain (dáta taifeadta + 2 bhliain) ar IRS mar a leanas: Céim sheasta – íoctar gach bliain; An ráta comhlúthach: EURIBOR 6 mhí, faightear go leathbhliantúil; Méid Barúlach: EUR 10 000 000; Coinbhinsiún agus féilire maidir le hathsceidealú dátaí: caighdeánach; Dáta éifeachtach bhabhtáil na sócmhainne forluití: Dáta taifeadta + 2 bhliain.

Aibíocht bhabhtáil na sócmhainne forluití: Dáta taifeadta + 7 mbliana

Préimh a íoctar ar an dáta taifeadta (an dáta taifeadta). Airgeadsocraithe

Tá an praghas ceangail bunaithe ar ráta ATM na babhtála réamhthosaithe a shainítear san ionstraim seo

Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR

203. IRS 5 bliana USD. Faightear ráta seasta agus íoctar ráta comhlúthach.

Ráta sheasta – faightear gach bliain

An ráta comhlúthach: ráta SOFR USD 3 mhí, íoctar gach ráithe

Méid Barúlach: USD 1 000 000

Coinbhinsiún agus féilire maidir le hathsceidealú dátaí: caighdeánach

Dáta éifeachtach mar dháta taifeadta (i.e. na rátaí a úsáidfear ar dhruidim an mhargaidh ar an dáta taifeadta)

Dáta aibíochta: Meán Fómhair Bliain T+4.

Airgeadra ionstraim ÚBE: USD

204. IRS 2 bhliain GBP. Faightear ráta seasta agus íoctar ráta comhlúthach.

Ráta sheasta – faightear gach bliain

An ráta comhlúthach: SONIA (thar oíche) arna iolrú agus a íoctar go ráithiúil. Áireamh laethanta: ACT/365

Méid Barúlach: GBP 10 000 000

Coinbhinsiún agus féilire maidir le hathsceidealú dátaí: caighdeánach

Dáta éifeachtach mar dháta taifeadta (i.e. na rátaí a úsáidfear ar dhruidim an mhargaidh ar an dáta taifeadta)

Aibíocht: Dáta taifeadta + 2 bhliain

Airgeadra ionstraim ÚBE GBP

205. Nóta ráta chomhlúthaigh 10bl faoi choiléar arna dhíol ag UBS.

Méid barúlach (príomhshuim): USD 1 000 000.

Is oibleagáidí neamhurraithe sinsearacha UBS AG ('UBS') iad Nótaí Ráta Chomhlúthaigh (na 'Nótaí').

Airgeadra ionstraim ÚBE USD

— Beidh ús ar na Nótaí de réir ráta in aghaidh na bliana a bheidh cothrom le SOFR USD 3-Mhí móide 1,5 % sa bhliain (an 'Ráta Úis Comhlúthach'), faoi réir uasráta úis 7,5 % sa bhliain ('an tUasráta Úis') agus íosráta úis 2,5 % sa bhliain ('an tÍosráta Úis').

— Beidh aon íocaíocht ar na Nótaí, lena n-áirítear ús agus príomhshuim ar aibíocht, faoi réir acmhainneacht chreidmheasa UBS AG. Iarrtar ar institiúidí cuar lascaine iomchuí a úsáid, tugtar spreagadh maidir leis sin sa nóta míniúcháin.

— Ioncam: Íocfaidh na Nótaí ús gach ráithe de réir ráta atá cothrom leis an Ráta Úis Chomhlúthach, ar choinníoll go bhfuil an méid a leanas fíor i gcás aon Dáta Cinnte Cúpóin; (i) tá an Ráta Úis Comhlúthach níos lú ná an tÍosráta Úis, ansin beidh an ráta úis infheidhme don Tréimhse Úis lena mbaineann cothrom leis an Íosráta Úis, nó (ii) tá an Ráta Úis Comhlúthach níos mó ná an tUasráta Úis, ansin beidh an ráta úis infheidhme don Tréimhse Úis lena mbaineann cothrom leis an Uasráta Úis.

Méid Íocaíochta Úis	Beidh an méid úis a bheidh le híoc ar na Nótaí le haghaidh Tréimhse Úis cothrom le toradh an mhéid a leanas; (a) príomhshuim na Nótaí, (b) an Ráta Úis Infheidhme don Tréimhse Úis sin agus (c) codán arb é is uimhreoir dó an líon laethanta sa Tréimhse Úis (arna ríomh ar bhonn bliain 360 lá ina bhfuil dhá mhí dhéag dar fad 30 lá) agus arb é 360 an t-ainmneoir.
Dáta Trádála agus Socraíochta	'Dáta taifeadta'
Dátaí Íocaíochta Úis	Gach ráithe, ar an Dáta taifeadta + 3 mhí, Dáta taifeadta + 6 mhí, Dáta taifeadta + 9 mí agus Dáta taifeadta + 1 bhliain, dar tús an Dáta taifeadta + 3 mhí, le linn théarma na Nótaí (faoi réir coigeartuithe, mar a thuairiscítear anseo).
Dáta aibíochta	Dáta taifeadta + 10 mbliana
Airgeadra	USD
Bonn áirimh laethanta	30/360
An Coinbhinsiún maidir le Lá Gnó	Tar éis 'Neamhchoigeartaithe'
Cúpón a Chinneadh Dáta	I gcás gach Tréimhse Úis, an dara lá Baincéireachta Londan díreach roimh an Dáta Úis ábhartha. Ciallaíonn 'Lá Baincéireachta Londan' aon lá ar a mbíonn bainc thráchtála ar oscailt le haghaidh gnó ginearálta (lena n-áirítear déileálacha i malairt eachtrach agus i dtaiscí airgeadra coigríche) i Londain agus ar a ndéantar déileálacha i ndollair SAM i margadh idirbhainc Londan.

206. Suíomh fada EUR 1 000 000 RIALTAS NA GEARMÁINE (Boilsciú) (ISIN DE0001030583).

Aibíocht: 15 Aibreán 2033

Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR

207. Suíomh gearr EUR 1 000 000 RIALTAS NA GEARMÁINE (ISIN DE0001030708).

Aibíocht: 15 Lúnasa 2030

Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR

208. Suíomh fada EUR 1 000 000 RIALTAS NA hIODÁILE (Boilsciú) (ISIN IT0005138828).

Aibíocht: 15 Meán Fómhair 2032

Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR

209. Suíomh fada EUR 1 000 000 RIALTAS NA hIODÁILE (ISIN IT0005340929).

Aibíocht: 1 Nollaig 2028

Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR

210. Suíomh fada EUR 1 000 000 RIALTAS NA SPÁINNE (ISIN ES00000127A2).

Aibíocht: 30 Iúil 2030

Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR

211. Suíomh gearr EUR 1 000 000 RIALTAS NA FRAINCE (ISIN FR0012993103).

Aibíocht: 25 Bealtaine 2031

Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR

212. Suíomh gearr EUR 1 000 000 RIALTAS NA GEARMÁINE (ISIN DE0001135176).

Aibíocht: 4 Eanáir 2031

Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR

213. Suíomh fada GBP 1 000 000 RIALTAS NA RÍOCHTA AONTAITHE (ISIN GB0004893086).

Aibíocht: 7 Meitheamh 2032

Airgeadra ionstraim ÚBE: GBP

214. Suíomh fada EUR 1 000 000 RIALTAS NA PORTAINGÉILE (ISIN PTOTEXOE0024).

Aibíocht: 15 Meitheamh 2029

Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR

215. Suíomh gearr USD 1 000 000 RIALTAS SAM (ISIN US91282CAV37).

Aibíocht: 15 Samhain 2030

Airgeadra ionstraim ÚBE USD

216. Suíomh fada 1 000 000 USD RIALTAS NA BRASAÍLE (inghlaoite) (ISIN US105756BZ27).

Aibíocht: 13 Eanáir 2028

Airgeadra ionstraim ÚBE: USD

217. Suíomh fada 1 000 000 USD RIALTAS MHEICSICEO (inghlaoite) (ISIN US91087BAT70).

Aibíocht: 19 Bealtaine 2033

Airgeadra ionstraim ÚBE USD

218. IRS 10 mbliana EURO – Faightear ráta comhlúthach agus íoctar ráta seasta.

Céim sheasta: íoctar gach bliain

An ráta comhlúthach: EURIBOR 3 mhí, faightear gach ráithe. Áireamh laethanta: ACT/360

Méid Barúlach: EUR 10 000 000

0020	Ríomh na tréimhse 10 lá	Airteagal 365(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	Tuairisceofar ceann de na nithe seo a leanas i gcolún 0010: (a) 1 lá athscálaithe go 10 lá; (b) 10 lá le tréimhsí forluite; (c) 10 lá le modheolaíocht eile. Úsáidfidh an institiúid colún 0020 chun an freagra a thugtar i gcolún 0010 a shoiléiriú.
0030	Fad na tréimhse breathnadóireachta	Airteagal 365(1) pointe (d) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	Tuairisceofar ceann de na nithe seo a leanas i gcolún 0010: (a) Suas le 1 bhliain; (b) Níos mó ná 1 bhliain agus suas le 2 bhliain; (c) Níos mó ná 2 bhliain agus suas le 3 bliana; (d) Níos mó ná 3 bliana. Úsáidfidh an institiúid colún 0020 chun an freagra a thugtar i gcolún 0010 a shoiléiriú.

Ró	Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
0040	Ualú Sonraí	Airteagal 365(1), pointe (d), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	Tuairisceofar ceann de na nithe seo a leanas i gcolún 0010: (a) Neamhualaithe (ualú sonraí VaR); (b) Ualaithe (ualú sonraí VaR); (c) An ceann is airde idir ualaithe agus neamhualaithe (ualú sonraí VaR) i bpointí (a) agus (b). Úsáidfidh an institiúid colún 0020 chun an freagra a thugtar i gcolún 0010 a shoiléiriú.
0050	Forlíontán cúltástála	Airteagal 366(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	Ciallaíonn forlíontán cúltástála an tsuimeann idir 0 agus 1 i gcomhréir le hAirteagal 366(2), Tábla 1, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 Úsáidfidh an institiúid colún 0020 chun an freagra a thugtar i gcolún 0010 a shoiléiriú.
0060	Forlíontán rialála VaR	Airteagal 366(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ('ar a laghad 3')	Ciallaíonn forlíontán rialála VaR an muirear breise arna fhorchur ag údarás inniúil i leith an fhachtóra iolrúcháin le haghaidh VaR (ar a laghad 3) i gcomhréir le hAirteagal 366(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Is éard atá i bhforlíontán Rialála VaR suim an fhorlíontáin cúltástála agus an fhorlíontáin cháilíochtúil, i gcás inarb infheidhme, sa bhreis ar 3. Úsáidfidh an institiúid colún 0020 chun an freagra a thugtar i gcolún 0010 a shoiléiriú.
0070 - 0100	SVaR (i.e. VaR i ndálaí anáis)		
0070	Modheolaíocht		Tuairisceofar ceann de na nithe seo a leanas i gcolún 0010: (a) Ionsamhlú stairiúil; (b) Ionsamhlú Monte Carlo; (c) Modheolaíocht pharaiméadrach; (d) Teaglaim / modheolaíocht eile (tabhair mionsonraí). Úsáidfidh an institiúid colún 0020 chun an freagra a thugtar i gcolún 0010 a shoiléiriú. I gcás ina nglacfar rogha (d) i gcolún 0010, soláthróidh an institiúid mionsonraí i gcolún 0020.
0080	Ríomh na Tréimhse 10 lá	Airteagal 365(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	Tuairisceofar ceann de na nithe seo a leanas i gcolún 0010: (a) 1 lá athscálaithe go 10 lá; (b) 10 lá le tréimhsí forluite; (c) 10 lá le modheolaíocht eile. Úsáidfidh an institiúid colún 0020 chun an freagra a thugtar i gcolún 0010 a shoiléiriú.
0090	Forlíontán Rialála sVaR	Airteagal 366(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	Ciallaíonn forlíontán rialála VaR an muirear breise arna fhorchur ag údarás inniúil i leith an fhachtóra iolrúcháin le haghaidh sVaR (ar a laghad 3) i gcomhréir le hAirteagal 366(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Is éard atá i bhforlíontán Rialála VaR suim an fhorlíontáin cúltástála agus an fhorlíontáin cháilíochtúil, i gcás inarb infheidhme, sa bhreis ar 3.

Ró	Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
			Úsáidfidh an institiúid colún 0020 chun an freagra a thugtar i gcolún 0010 a shoiléiriú.
0100	Tréimhse sVaR	Airteagal 365(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	Tuairisceofar ceann de na nithe seo a leanas i gcolún 0010: (a) Ríomh laethúil an VaR i ndálaí anáis arna chalabrú do thréimhse leanúnach 12 mhí aonair amháin a gcuirtear tús léi ar an dáta a shonraítear i gcolún 0020; (b) Ríomh seachtainiúil an VaR i ndálaí anáis arna chalabrú do thréimhse leanúnach 12 mhí aonair amháin a gcuirtear tús léi ar an dáta a shonraítear i gcolún 0020; (c) Ríomh laethúil an VaR i ndálaí anáis arna chalabrú do thréimhsí leanúnacha 12 mhí le linn dátaí tuairiscithe VaR faoi i ndálaí anáis a thugtar i gcolún 0010 de C107.02 a gcuirtear tús leo ar na dátaí a shonraítear i gcolún 0020; (d) Ríomh seachtainiúil an VaR i ndálaí anáis arna chalabrú do thréimhsí leanúnacha 12 mhí le linn dátaí tuairiscithe VaR i ndálaí anáis a thugtar i gcolún 0010 de C107.02 a gcuirtear tús leo ar na dátaí a shonraítear i gcolún 0020; (e) Ríomh laethúil uasta VaR i ndálaí anáis a chalabraítear do níos mó ná tréimhse 12 mhí aonair amháin; (f) Ríomh seachtainiúil uasta VaR i ndálaí anáis a chalabraítear do níos mó ná tréimhse 12 mhí aonair amháin; (g) Roghanna eile maidir le calabrú VaR i ndálaí anáis (tabhair mionsonraí). Úsáidfidh an institiúid colún 0020 chun an dáta tosaigh a sholáthar san fhormáid 'll/mm/bbbb' i gcás na roghanna (a) agus (b) a thugtar i gcolún 0010 agus na dátaí tosaigh san fhormáid 'll/mm/bbbb' a úsáidtear le haghaidh gach ríomh VaR i ndálaí anáis i gcás na roghanna (c) nó (d) a thugtar i gcolún 0010. Úsáidfidh an institiúid colún 0020 chomh maith chun an tréimhse 12 mhí a úsáidtear le haghaidh gach ríomh VaR i ndálaí anáis i gcás na roghanna (e), (f) agus (g) a thugtar i gcolún 0010.

C 107.02 – VaR, sVaR agus PV – Neamh-CTP. Torthaí airgeadra na punainne ÚBE.

Treoracha maidir leis na bileoga (z-ais)

Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
Punann	Ranna 3, 4 agus 5 d'Iarscríbhinn V	Tuairisceofar uimhir na punainne atá le fáil in Iarscríbhinn V.

Colún	Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
0010	Dáta		Tuairisceofar torthaí VaR, sVaR agus an Luacha Láithrigh (PV) le haghaidh na 10 lá gnó uile idir an 'dáta tagartha tosaigh RM' agus an 'dáta tagartha deiridh RM (agus ASA deiridh)', mar a shonraítear i Roinn 1, pointe (b), d'Iarscríbhinn V. Glacfar an coinbhinsiún 'll/mm/bbbb' chun na dátaí a thuairisciú.

Colún	Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
0020	VaR	Airteagal 365 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	Tuairisceofar VaR rialála 10 lá a fhaightear le haghaidh gach punainne, gan an fachtóir iolrúcháin rialála '3 ar a laghad' a chur i bhfeidhm. Tuairisceofar figiúirí le haghaidh gach ceann de na dátaí atá i gcolún 0010. Fágfar an chill bán i gcás nach mian leis an institiúid VaR a ríomh le haghaidh an dáta a sholáthraítear i gcolún 0010 (i.e. tuairisceofar luachanna nialais i gcás inarb é toradh an ríomha nialas, agus sa chás sin amháin).
0030	sVaR	Airteagal 365 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	Tuairisceofar sVaR rialála 10 lá a fhaightear le haghaidh gach punainne, gan an fachtóir iolrúcháin rialála '3 ar a laghad' a chur i bhfeidhm. Tuairisceofar figiúirí le haghaidh gach ceann de na dátaí atá i gcolún 0010. Fágfar an chill bán i gcás nach mian leis an institiúid sVaR a ríomh le haghaidh an dáta a sholáthraítear i gcolún 0010 (i.e. tuairisceofar luachanna nialais i gcás inarb é toradh an ríomha nialas, agus sa chás sin amháin).
0040	PV		Tuairisceofar an luach láithreach (PV) le haghaidh gach punainne. Tuairisceofar figiúirí le haghaidh gach ceann de na dátaí atá i gcolún 0010. Fágfar an chill bán i gcás nach mian leis an institiúid PV a ríomh le haghaidh an dáta a sholáthraítear i gcolún 0010 (i.e. tuairisceofar luachanna nialais i gcás inarb é toradh an ríomha nialas, agus sa chás sin amháin).

C 108.00 – Amshraith Bhrabúis agus Chaillteanais

Ní dhéanfaidh ach institiúidí a ríomhann VaR trí ionsamhlú stairiúil a úsáid Teimpléad C 108.00 ('Amshraith Bhrabúis agus Chaillteanais') a líonadh isteach.

Treoracha maidir leis na bileoga (z-ais)

Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
Punann	Ranna 3, 4 agus 5 d'Iarscríbhinn V	Tuairisceofar uimhir na punainne atá le fáil in Iarscríbhinn V.

Colún	Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
0010	Dáta	Airteagal 365(1), pointe (d), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	Ar gach lá gnó, a chinntear i gcomhréir leis an bhféilire i ndlínse na hinstitiúide, soláthróidh institiúidí sraith bhrabúis agus chaillteanais (B&C) arna húsáid chun VaR a ríomh in C107.02 colún 0010 le 250 breathnóireacht ar a laghad ag tosú 'an dáta tagartha deiridh RM (agus ASA deiridh)', mar a shonraítear i Roinn 1, pointe (b)(v), d'Iarscríbhinn V, agus ag dul siar.
0020	B&C laethúil		Líonfaidh institiúidí a ríomhann VaR trí ionsamhlú stairiúil a úsáid fad iomlán na sraithe stairiúla a úsáideann an institiúid, le sraith sonraí bliana amháin ar a laghad, le hathrú luachála na punainne (i.e. B&C laethúil) a tháirgtear trí úsáid a bhaint as athruithe ar fhachtóirí riosca laethúla arna n-ionsamhlú go stairiúil (i.e. an tsraith laethúil brabúis agus caillteanais a úsáidtear chun an VaR aon lae a dhíorthú).

Colún	Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
			I gcás lá saoire bainc sa dlínse ábhartha, fágfar an chill sin bán (i.e. ní thuairisceofar B&C nialais ach i gcás nár athraíodh luach hipitéiseach na punainne ar lá gnó ar leith).

C 109.01 – IRC. Mionsonraí maidir leis an tSamhail

Ró	Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
0010	An líon fachtóirí samhaltaithe		ÚBE/GL/2012/3 Tuairisceofar an líon fachtóirí samhaltaithe ar leibhéal foriomlán shamhail IRC. Ceann díobh seo a leanas a bheidh mar fhreagra: (a) 1 fhachtóir samhaltaithe; (b) 2 fhachtóir shamhaltaithe; (c) Níos mó ná 2 fhachtóir shamhaltaithe. Úsáidfidh an institiúid colún 0020 chun an freagra a thugtar i gcolún 0010 a shoiléiriú.
0020	Foinse na LGDanna		ÚBE/GL/2012/3 Tuairisceofar foinse na LGDanna ar leibhéal foriomlán shamhail IRC. Ceann díobh seo a leanas a bheidh mar fhreagra: (a) Comhghnás an mhargaidh; (b) LGD a úsáidtear in IRB; (c) Foinse eile LGD (tabhair mionsonraí). Úsáidfidh an institiúid colún 0020 chun an freagra a thugtar i gcolún 0010 a shoiléiriú. I gcás ina nglacfar rogha (c) i gcolún 0010, soláthróidh an institiúid mionsonraí sa cholún seo.

C 109.02 – IRC. Mionsonraí de réir Punainne

Treoracha maidir leis na bileoga (z-ais)

Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
Punann	Ranna 3, 4 agus 5 d'Iarscríbhinn V	Ní thuairisceofar uimhir na punainne atá le fáil in Iarscríbhinn V ach le haghaidh na bpunann sin a n-iarrtar IRC ina leith.

Ró	Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
0010	Tréimhse Leachtachta Ionchasach	Airteagal 374(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	ÚBE/GL/2012/3 Tuairisceofar an tréimhse leachtachta ionchasach a chuirtear i bhfeidhm ar leibhéal na punainne. Ceann díobh seo a leanas a bheidh mar fhreagra: (a) Suas le 3 mhí; (b) Níos mó ná 3 mhí agus suas le 6 mhí; (c) Níos mó ná 6 mhí agus suas le 9 mí; (d) Níos mó ná 9 mí agus suas le 12 mhí.
0020	Foinse PDanna		ÚBE/GL/2012/3 Tuairisceofar foinse na PDanna a chuirtear i bhfeidhm ar leibhéal na punainne. Ceann díobh seo a leanas a bheidh mar fhreagra: (a) Gníomhaireachtaí rátála; (b) IRB; (c) PDanna intuigthe an mhargaidh; (d) Foinse eile na PDanna (tabhair mionsonraí). Úsáidfidh an institiúid colún 0020 chun an freagra a thugtar i gcolún 0010 a shoiléiriú. I gcás ina nglacfar rogha (d) i gcolún 0010, soláthróidh an institiúid mionsonraí sa cholún seo, 0020.
0030	Foinse na maitrísí trasdultacha		ÚBE/GL/2012/3 Tuairisceofar foinse na maitrísí trasdultacha a chuirtear i bhfeidhm ar leibhéal na punainne. Ceann díobh seo a leanas a bheidh mar fhreagra: (a) Gníomhaireachtaí rátála; (b) IRB; (c) Maitrísí trasdultacha intuigthe an mhargaidh; (d) Foinsí eile na maitrísí trasdultacha (tabhair mionsonraí). Úsáidfidh an institiúid colún 0020 chun an freagra a thugtar i gcolún 0010 a shoiléiriú. I gcás ina nglacfar rogha (d) i gcolún 0010, soláthróidh an institiúid mionsonraí sa cholún seo, 0020.

C 109.03 – IRC. Méid de réir Punainne/Dáta.

Treoracha maidir leis na bileoga (z-ais)

Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
Punann	Ranna 3, 4 agus 5 d'Iarscríbhinn V	Ní thuairisceofar uimhir na punainne atá le fáil in Iarscríbhinn V ach le haghaidh na bpunann sin a n-iarrtar IRC ina leith.

Colún	Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
0010	Dáta		Tuairisceofar IRC le haghaidh na 10 lá gnó uile idir an 'dáta tagartha tosaigh RM' agus an 'dáta tagartha deiridh RM (agus ASA deiridh)', mar a shonraítear in Roinn 1, pointe (b) d'Iarscríbhinn V . Glacfar an coinbhinsiún 'll/mm/bbbb' chun na dátaí a thuairisciú.
0020	IRC	Airteagail 372 go 376 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	ÚBE/GL/2012/3 Tuairisceofar IRC rialála le haghaidh gach punainne. Tuairisceofar figiúirí le haghaidh gach ceann de na dátaí atá i gcolún 0010. Fágfar an chill bán i gcás nach mian leis an institiúid IRC a ríomh le haghaidh an dáta a thuairiscítear i gcolún 0010 (i.e. tuairisceofar luachanna nialais i gcás inarb é toradh an ríomha nialas, agus sa chás sin amháin).

C 110.01 – CT. Mionsonraí faoin tSamhail.

Ró	Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
0010	An líon fachtóirí samhaltaithe	Airteagal 377 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	Tuairisceofar an líon fachtóirí samhaltaithe ar leibhéal foriomlán na samhla trádála comhghaoil. Ceann díobh seo a leanas a bheidh mar fhreagra: (a) 1 fhachtóir samhaltaithe; (b) 2 fhachtóir shamhaltaithe; (c) Níos mó ná 2 fhachtóir shamhaltaithe. Úsáidfidh an institiúid colún 0020 i gcás ina mian léi an freagra a thugtar i gcolún 0010 a shoiléiriú.
0020	Foinse na LGDanna	Airteagal 377 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	Tuairisceofar foinse na LGDanna ar leibhéal foriomlán na samhla trádála comhghaoil. Ceann díobh seo a leanas a bheidh mar fhreagra: (a) Comhghnás an mhargaidh; (b) LGD a úsáidtear in IRB; (c) Foinsí eile LGD (tabhair mionsonraí). Úsáidfidh an institiúid colún 0020 chun an freagra a thugtar i gcolún 0010 a shoiléiriú. I gcás ina nglacfar rogha (c) i gcolún 0010, soláthróidh an institiúid mionsonraí sa cholún seo.

C 110.02 – CT. Mionsonraí de réir Punainne.

Treoracha maidir leis na bileoga (z-ais)

Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
Punann	Ranna 3, 4 agus 5 d'Iarscríbhinn V	Ní thuairisceofar uimhir na punainne atá le fáil in Iarscríbhinn V ach le haghaidh na bpunann sin a n-iarrtar APR ina leith.

Ró	Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
0010	Tréimhse Leachtachta Ionchasach	Airteagal 377(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	Tuairisceofar an tréimhse leachtachta ionchasach a chuirtear i bhfeidhm ar leibhéal na punainne. Ceann díobh seo a leanas a bheidh mar fhreagra: (a) Suas le 3 mhí; (b) Níos mó ná 3 mhí agus suas le 6 mhí; (c) Níos mó ná 6 mhí agus suas le 9 mí; (d) Níos mó ná 9 mí agus suas le 12 mhí.
0020	Foinse PDanna	Airteagal 377 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	Tuairisceofar foinse na PDanna a chuirtear i bhfeidhm ar leibhéal na punainne. Ceann díobh seo a leanas a bheidh mar fhreagra: (a) Gníomhaireachtaí rátála; (b) IRB; (c) PDanna intuigthe an mhargaidh; (d) Foinse eile na PDanna (tabhair mionsonraí). Úsáidfidh an institiúid colún 0020 chun an freagra a thugtar i gcolún 0010 a shoiléiriú. I gcás ina nglacfar rogha (d) i gcolún 0010, soláthróidh an institiúid mionsonraí i gcolún 0020.
0030	Foinse na maitrísí trasdultacha	Airteagal 377 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	Tuairisceofar foinse na maitrísí trasdultacha a chuirtear i bhfeidhm ar leibhéal na punainne. Ceann díobh seo a leanas a bheidh mar fhreagra: (a) Gníomhaireachtaí rátála; (b) IRB; (c) Maitrísí trasdultacha intuigthe an mhargaidh; (d) Foinse eile na maitrísí trasdultacha (tabhair mionsonraí). Úsáidfidh an institiúid colún 0020 chun an freagra a thugtar i gcolún 0010 a shoiléiriú. I gcás ina nglacfar rogha (d) i gcolún 0010, soláthróidh an institiúid mionsonraí i gcolún 0020.

C 110.03 – CT. APR de réir Punainne/Dáta

Treoracha maidir leis na bileoga (z-ais)

Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
Punann	Ranna 3, 4 agus 5 d'Iarscríbhinn V	Ní thuairisceofar uimhir na punainne atá le fáil in Iarscríbhinn V ach le haghaidh na bpunann sin a n-iarrtar APR ina leith

Colún	Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
0010	Dáta	Airteagal 377 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	Tuairisceofar praghasriosca iomlán ('APR') le haghaidh na 10 lá gnó uile idir an 'dáta tagartha tosaigh RM' agus an 'dáta tagartha deiridh RM (agus ASA deiridh)', dá dtagraítear i Roinn 1, pointe (b) d'Iarscríbhinn V. Glacfar an coinbhinsiún 'll/mm/bbbb' chun na dátaí a thuairisciú.
0060	APR	Airteagal 377 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	Tuairisceofar na torthaí a fhaightear trí shamhail trádála chomhghaoil rialála a chuirtear i bhfeidhm maidir le gach punann. Tuairisceofar figiúirí le haghaidh gach ceann de na dátaí atá i gcolún 0010. Fágfar an chill bán i gcás nach n-úsáideann an institiúid samhail trádála chomhghaoil ar an dáta a sholáthraítear i gcolún 0010 (i.e. tuairisceofar luachanna nialais i gcás inarb é toradh an ríomha nialas, agus sa chás sin amháin).

C 120.01 – SBM. ÍOGAIREACHTAÍ RIOSCA DE RÉIR IONSTRAIME/PUNAINNE

Tuairisceoidh institiúidí, ionstraim ar ionstraim, na híogaireachtaí i leith na bhfachtóirí riosca a bhfuil an ionstraim neamhchosanta orthu. Tuairisceofar ró amháin in aghaidh an fhachtóra riosca/na híogaireachta. Tuairisceofar glansuíomh riosca cuaire aníos an fhachtóra riosca sin (CVRk+) nó glansuíomh riosca cuaire anuas an fhachtóra riosca sin (CVRk-) mar a shonraítear in Airteagal 325g de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i rónna aonair. Beidh gach luach ag tagairt don 'dáta tagartha deiridh RM (agus ASA deiridh)' (mar a shainítear i Roinn 1, pointe (b)(v), d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo). Ní thuairisceoidh institiúidí gach teaglaim den Phunann, Uimhir ionstraime (colún 0010), Aitheantóir riosca (colún 0020), Buicéad (colún 0030) agus aitheantóir breise (colún 0040) ach aon uair amháin.

Treoracha maidir leis na bileoga (z-ais)

Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
Punann	Ranna 3, 4 agus 5 d'Iarscríbhinn V	Tuairisceofar uimhir na punainne atá le fáil in Iarscríbhinn V.

Colún	Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
0010	Uimhir na hionstraime	Roinn 2 d'Iarscríbhinn V	Tuairisceofar uimhir na hionstraime atá le fáil in Iarscríbhinn V.

Colún	Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
0020	Aitheantóir fachtóra riosca	Airteagail 325l, 325m, 325n, 325o, 325p, 325q de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	Tuairisceofar an t-aitheantóir fachtóra riosca mar a shonraítear sa tábla ag deireadh na hIarscríbhinne seo é.
0030	Buicéad	Airteagal 325d(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	Tuairisceofar an buicéad, i gcás ina gcomhfhreagraíonn an t-aitheantóir fachtóra riosca arna roghnú i gcolún 0020 don aicme riosca: — Riosca ráta úis ghinearálta. Is é ainm airgeadra an ráta saor ó fhachtóir riosca a chomhfhreagraíonn don ráta saor ó riosca ábhartha, an fhactóra riosca boilscithe nó an fhactóra riosca ar bhonn trasairgeadra a bheidh mar fhreagra (ag leanúint na hainmníochta airgeadra ISO 4217, e.g. 'EUR'). — Riosca um raon difríochta creidmheasa le haghaidh neamhurrúsúcháin. Is é uimhir an bhuicéid in Airteagal 325ah (1), Tábla 4, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a bheidh mar fhreagra. — Riosca um raon difríochta creidmheasa le haghaidh urrúsúcháin nach n-áirítear sa phunann trádála chomhghaoil mhalartach (CSR nach mbaineann le hurrúsúcháin ACTP). Is é uimhir an bhuicéid in Airteagal 325am (1), Tábla 7, den Rialachán sin a bheidh mar fhreagra. — Riosca um raon difríochta creidmheasa le haghaidh urrúsúcháin a áirítear sa phunann trádála comhghaoil mhalartach (ACTP CSR). Is é uimhir an bhuicéid in Airteagal 325ak, Tábla 6, den Rialachán sin a bheidh mar fhreagra. — Riosca gnáthscaireanna. Is é uimhir an bhuicéid in Airteagal 325ap (1), Tábla 8, den Rialachán sin a bheidh mar fhreagra. — Riosca tráchtearraí. Is é uimhir an bhuicéid in Airteagal 325as, Tábla 9, den Rialachán sin a bheidh mar fhreagra. — Riosca FX agus na comhpháirteanna Deilte nó Cuaire. Is é ainm an airgeadra a bheidh mar fhreagra (e.g. 'USD', leanfaidh cóid thuairiscithe na n-airgeadraí an ainmníocht airgeadra ISO 4217), — Riosca FX agus an chomhpháirt VEGA. Is é ainm an phéire airgeadraí a bheidh mar fhreagra (e.g. 'EUR_USD', leanfaidh cóid thuairiscithe na n-airgeadraí an ainmníocht airgeadra ISO 4217).
0040	Aitheantóir breise1	Airteagail 325l go 325q agus 325ai de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	Tuairisceofar an fhaisnéis seo a leanas, lena féidir an fachtóir riosca a shainaithint ar an leibhéal laistigh de bhuicéad. I gcás ina gcomhfhreagraíonn an t-aitheantóir fachtóra riosca arna roghnú i gcolún 0020 don aicme riosca: — Riosca ráta úis ghinearálta agus comhpháirt deilte, is é an ainm an chuair saor ó riosca nó aitheantóir uathúil comhfhreagrach eile a bheidh mar fhreagra. — Riosca um raon difríochta creidmheasa le haghaidh neamhurrúsúcháin nó an aicme riosca Tiosca um raon difríochta creidmheasa le haghaidh urrúsúcháin a áirítear sa phunann trádála comhghaoil mhalartach (ACTP CSR), is é ainm an eisitheora nó aitheantóir uathúil comhfhreagrach eile a bheidh mar fhreagra agus beidh sé mar an gcéanna i gcás aon dá íogaireacht a thuairiscítear i dtreo dhá fhachtóir riosca a fhaigheann paraiméadar comhghaoil $\rho_{kl}^{(ainm)}$ atá cothrom le 1 i gcomhréir le hAirteagal 325ai(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. — Riosca um raon difríochta creidmheasa le haghaidh urrúsúcháin nach n-áirítear sa phunann trádála comhghaoil mhalartach (CSR nach mbaineann le hurrúsúcháin ACTP), is é ainm an tráinse nó aitheantóir uathúil comhfhreagrach eile a bheidh mar fhreagra. — Riosca gnáthscaireanna, is é ainm an eisitheora gnáthscaireanna nó aitheantóir uathúil comhfhreagrach a bheidh mar fhreagra.

Colún	Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
			— Riosca tráchtearraí, is é ainm an tráchtearra nó aitheantóir uathúil comhfhreagrach a bheidh mar fhreagra. I gcás nach bhfuil feidhm ag aon cheann de na cásanna sin, tuairisceoidh institiúidí luach sainráite (NEAMHNÍ) mar luach neamhbhainteach.
0060	Íogaireacht riosca (torthaí an airgeadra tuairiscithe)	Airteagal 325d(2) agus Airteagail 325g, 325r, 325s, 325t agus 325ax de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	Tuairisceofar íogaireachtaí riosca (íogaireachtaí deilte/vega agus suíomhanna riosca cuaire) ar leibhéal gach ionstraime le haghaidh gach fachtóra riosca ábhartha mar a shonraítear i gcolúin 0020 go 0040. Tuairisceofar na luachanna in airgeadra tuairiscithe na hinstitiúide. I gcás ina gcomhfhreagraíonn an t-aitheantóir fachtóra riosca arna roghnú i gcolún 0020 do na nithe seo a leanas: — Comhpháirt riosca deilte an mhodha íogaireacht-bhunaithe, tuairisceofar an íogaireacht ghlan i leith an fhachtóra riosca (S_k) mar a shonraítear in Airteagal 325r de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. I gcás ina bhfuil cead faighte ag institiúidí óna n-údarás inniúil ríomhanna malartacha ar íogaireachtaí riosca deilte a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 325t(5) den Rialachán sin, tagróidh siad do na sainmhínithe malartacha sin le haghaidh an tuairiscithe. — Comhpháirt riosca vega an mhodha íogaireacht-bhunaithe, tuairisceofar íogaireacht an riosca vega de chuid rogha i leith fachtóir riosca atá tugtha (S_k) mar a shonraítear in Airteagal 325s de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. I gcás ina bhfuil cead faighte ag institiúidí óna n-údarás inniúil ríomhanna malartacha ar íogaireachtaí riosca vega a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 325t(6) den Rialachán sin, tagróidh siad do na ríomhanna malartacha sin le haghaidh an tuairiscithe. Gan beann ar cé acu a úsáideann nó nach n-úsáideann an institiúid an ríomh ar Airteagal 325s nó ríomh malartach i gcomhréir le hAirteagal 325t(6) den Rialachán sin, tuairisceofar an íogaireacht tar éis í a ualú de réir na luaineachta intuigthe comhfhreagraí. — Comhpháirt riosca cuaire an mhodha íogaireacht-bhunaithe, tuairisceofar glansuíomh riosca cuaire aníos an fhachtóra riosca sin (CVR_k^+) nó glansuíomh riosca cuaire anuas an fhachtóra rioscasin (CVR_k^-) mar a shonraítear in Airteagal 325g de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Sloinnfear an figiúr tuairiscithe mar dheachúil agus beidh íosbheachtas go dtí an dara deachúil aige. Tuairisceofar luachanna nialais i gcás inarb é toradh an ríomha nialas go hiarbhír, agus sa chás sin amháin.
0070	Airgeadra tuairiscithe		Tuairisceofar ainm airgeadra tuairiscithe na hinstitiúide (leanfaidh an luach tuairiscithe ainmníocht airgeadra ISO 4217, e.g. ‘EUR’).
0080	Íogaireacht riosca (torthaí airgeadra na punainne ÚBE)	Ranna 3 agus 4 d’Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo agus Airteagal 325d(2) agus Airteagail 325g, 325r, 325s, 325t agus 325ax de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	Tuairisceofar na luachanna de réir na dtreoracha le haghaidh cholún 0060 ach aistreofar iad ar spotráta malairte BCE a bhaineann le hairgeadra na punainne mar a shainítear i Ranna 3 agus 4 d’Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo.

Colún	Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
0090	Ualú riosca	Cuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 1a, Roinn 6, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	Tuairisceofar an t-ualú riosca a chomhfhreagraíonn don fhachtóir riosca mar a shonraítear i gcolúin 0020 go 0040. I gcás ina gcomhfhreagraíonn an t-aitheantóir fachtóra riosca arna roghnú i gcolún 0020 don chomhpháirt riosca cuaire, tuairisceofar an t-ualú riosca a úsáidtear chun an t-athrú coibhneasta is infheidhme a chinneadh. Sloinnfear an figiúr tuairiscithe mar dheachúil agus beidh íosbheachtas go dtí an ceathrú deachúil aige.
0110	Aitheantóir breise 2	Airteagal 325p(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	I gcás ina gcomhfhreagraíonn an t-aitheantóir fachtóra riosca a roghnaítear i gcolún 0010 d'aicme riosca Riosca tráchtearraí agus Comhpháirt riosca deilte an mhodha íogaireacht-bhunaithe, is é tacar téarmaí dlíthiúla maidir leis an suíomh seachadta nó aitheantóir uathúil comhfhreagrach eile a bheidh mar fhreagra. I gcás nach bhfuil feidhm ag aon cheann de na cásanna sin, tuairisceoidh institiúidí luach sainráite (NEAMHNÍ) mar luach neamhbhainteach.
0120	Catagóir cáilíochta creidmheasa	Airteagal 325m(1) agus Airteagal 325ah(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	I gcás ina gcomhfhreagraíonn an t-aitheantóir fachtóra riosca a roghnaítear i gcolún 0010 d'aicme riosca Riosca um raon difríochta creidmheasa le haghaidh neamhurrúsúcháin agus Comhpháirt riosca deilte an mhodha íogaireacht-bhunaithe, ceann díobh seo a leanas a bheidh mar fhreagra: (a) 'CQS 1'; (b) 'CQS 2'; (c) 'CQS 3'; (d) 'CQS 4'; (e) 'CQS 5'; (f) 'CQS 6'; (g) 'Níor sannadh CQS (gan rátáil)'. I gcás nach bhfuil feidhm ag aon cheann de na cásanna sin, tuairisceoidh institiúidí luach sainráite (NEAMHNÍ) mar luach neamhbhainteach.

C 120.02 – SBM. COMHDHÉANAMH OFR DE RÉIR PUNAINNE

Treoracha maidir leis na bileoga (z-ais)

Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
Punann	Ranna 3, 4 agus 5 d'Iarscríbhinn V	Tuairisceofar uimhir na punainne atá le fáil in Iarscríbhinn V.

Colún	Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
0010	Aicme riosca	Airteagal 325d(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	Tuairisceofar an aicme riosca. Ceann díobh seo a leanas a bheidh mar fhreagra: (a) 'Riosca ráta úis ghinearálta (GIRR)'; (b) 'Riosca um raon difríochta creidmheasa. CSR le haghaidh neamhurrúsúcháin' (riosca um raon difríochta creidmheasa (CSR) le haghaidh neamhurrúsúcháin); (c) 'Riosca um raon difríochta creidmheasa. CSR nach mbaineann le hurrúsúcháin ACTP' (riosca um raon difríochta creidmheasa le haghaidh urrúsúcháin nach n-áirítear sa phunann trádála chomhghaoil mhalartach (CSR nach mbaineann le hurrúsúcháin ACTP)); (d) 'Riosca um raon difríochta creidmheasa. CSR ACTP' (riosca um raon difríochta creidmheasa le haghaidh urrúsúcháin a áirítear sa phunann trádála chomhghaoil mhalartach (CSR ACTP)); (e) 'Riosca gnáthscaireanna'; (f) 'Riosca tráchtearraí'; (g) 'Riosca malairte eachtraí'.
0020	Comhpháirt	Airteagal 325e(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	Tuairisceofar an chomhpháirt den mhodh íogaireacht-bhunaithe. Ceann díobh seo a leanas a bheidh mar fhreagra: (a) 'Riosca deilte'; (b) 'Riosca vega'; (c) 'Riosca cuaire';
0030	Cás na gcomhghaolta	Airteagal 325h de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	Tuairisceofar cás na gcomhghaolta. Ceann díobh seo a leanas a bheidh mar fhreagra: (a) 'Cás na gcomhghaolta ísle'; (b) 'Cás na gcomhghaolta arda'; (c) 'Cás na gcomhghaolta ísle'.
0040	Ceanglais cistí dílse (torthaí an airgeadra tuairiscithe)	Airteagal 325h de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	Tuairisceofar luachanna na gceanglas cistí dílse le haghaidh 'an dáta tagartha deiridh RM (agus ASA deiridh)' (mar a shonraítear i Roinn 1, pointe (b) d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo) le haghaidh gach punainne le haghaidh gach teaglaim ábhartha d'aicmí riosca, comhpháirteanna agus cásanna comhghaoil. Tuairisceofar na luachanna in airgeadra tuairiscithe na hinstitiúide agus déanfar iad a shloinneadh le híosbheachtas go dtí an dara deachúil.
0050	Airgeadra tuairiscithe		Tuairisceofar airgeadra tuairiscithe na hinstitiúide (leanfaidh an luach tuairiscithe ainmníocht airgeadra ISO 4217).
0060	Ceanglais cistí dílse (torthaí airgeadra na punainne ÚBE)	Ranna 3 agus 4 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo agus Airteagal 325h de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	Tuairisceofar na luachanna de réir na dtreoracha le haghaidh cholún 0040 ach aistreofar iad ar spotráta malairte BCE a bhaineann le hairgeadra na punainne mar a shainítear i Ranna 3 agus 4 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo.
0070	Suíomhanna gan roghnaíocht atá faoi réir na gceanglas cistí dílse maidir le riosca cuaire	Airteagal 325e(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	I gcás ina gcomhfhreagraíonn an chomhpháirt i gcolún 0020 don riosca cuaire: (a) Tuairisceofar 'FÍOR' má chuireann an institiúid i bhfeidhm an cur chuige a leagtar amach in Airteagal 325e(3), an chéad fhomhír de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus an toradh a thuairiscítear i gcolúin 0040 agus 0060 á ríomh. (b) 'BRÉAGACH' a thuairisceofar i gcásanna eile. Tuairisceofar 'BRÉAGACH' freisin i gcás nach bhfuil feidhm ag aon cheann de na cásanna sin.

Colún	Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
0080	Cur chuige an bhunairgeadra a chuirtear i bhfeidhm maidir le deilte an riosca malairte eachtraí agus cuaire	Airteagal 325q(7) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	I gcás ina gcomhfhreagraíonn an aicme riosca i gcolún 0010 do riosca malairte eachtraí agus i gcás ina gcomhfhreagraíonn an chomhpháirt i gcolún 0020 do riosca deilte nó do riosca cuaire: (a) Tuairisceofar 'FÍOR' má chuireann an institiúid i bhfeidhm an cur chuige a leagtar amach in Airteagal 325q(7) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus an toradh a thuairiscítear i gcolúin 0040 agus 0060 á ríomh. (b) 'BRÉAGACH' a thuairisceofar i gcásanna eile. Tuairisceofar 'BRÉAGACH' freisin i gcás nach bhfuil feidhm ag aon cheann de na cásanna sin.
0090	Roinnt na gcomhpháirteanna riosca cuaire maidir le riosca malairte eachtraí de réir scála	Airteagal 325q(6) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	I gcás ina gcomhfhreagraíonn an aicme riosca i gcolún 0010 do riosca malairte eachtraí agus i gcás ina gcomhfhreagraíonn an chomhpháirt i gcolún 0020 do riosca cuaire: (a) Tuairisceofar 'FÍOR' má chuireann an institiúid i bhfeidhm an cur chuige a leagtar amach in Airteagal 325q(6) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus an toradh a thuairiscítear i gcolúin 0040 agus 0060 á ríomh. (b) 'BRÉAGACH' a thuairisceofar i gcásanna eile. Tuairisceofar 'BRÉAGACH' freisin i gcás nach bhfuil feidhm ag aon cheann de na cásanna sin.
0095	Torthaí na bpunann bailíochtaithe SBM a chur isteach	Airteagal 325e(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	I gcás inar punann bailíochtaithe SBM dá dtagraítear i Roinn 7 d'Iarscríbhinn V í an phunann a dtuairiscítear faisnéis ina leith: (a) Tuairisceofar 'Cuireadh isteach iad' má chuireann an institiúid torthaí isteach a chomhfhreagraíonn don phunann sin; (b) Tuairisceofar 'Níor cuireadh isteach iad - gan aon neamhchosaint ar fhachtóir riosca' má roghnaíonn an institiúid gan torthaí a chur isteach le haghaidh na punainne bailíochtaithe SBM ábhartha, toisc nach ndéanann lucht bainistíochta na hinstitiúide sin aon fhormheas inmheánach chun oibriú in ionstraimí a ghinfeadh neamhchosaint i dtreo an fhachtóra riosca ábhartha. Tuairisceofar 'neamhbhainteach' i gcás inar punann dá dtagraítear i Ranna 3, 4 nó 5 d'Iarscríbhinn V í an phunann a dtuairiscítear faisnéis ina leith.
0100	Bosca téacs shaoir		Féadfaidh institiúid aon fhaisnéis bhreise a chur ar fáil sa cholún seo.

C 120.04 – DRC. MARGADHLUACHANNA AGUS OLLMHÉIDEANNA JTD DE RÉIR IONSTRAIME/PUNAINNE

Tuairisceoidh institiúidí, ionstraim ar ionstraim, na neamhchosaintí a chomhfhreagraíonn don ionstraim. Tuairisceofar ró amháin in aghaidh na neamhchosanta. Beidh gach luach ag tagairt don 'dáta tagartha deiridh RM (agus ASA deiridh)' (mar a shainítear i Roinn 1, pointe (b)(v), d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo). Tuairisceofar neamhchosaintí sula ndéanfar aon fhritháireamh ach tar éis céimeanna macasamhlaithe nó miondealaithe (mar a shainítear in Airteagail 325z agus 325ac de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013), i gcás inarb infheidhme.

Treoracha maidir leis na bileoga (z-ais)

Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
Punann	Ranna 3, 4 agus 5 d'Iarscríbhinn V	Tuairisceofar uimhir na punainne atá le fáil in Iarscríbhinn V.

Colún	Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
0010	Uimhir na hionstraime	Roinn 2 d'Iarscríbhinn V	Tuairisceofar uimhir na hionstraime atá le fáil in Iarscríbhinn V.
0020	Aicme riosca	Airteagal 325v(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	Tuairisceofar an aicme riosca a dtuairiscítear an ceanglas maidir le riosca mainneachtana (DRC) ina leith i gcolúin 0030 agus 0040. Ceann de na cineálacha uirlisí seo a leanas a bheidh mar fhreagra: (a) 'Ionstraimí seachas suíomhanna urrúsúcháin'; (b) 'Suíomhanna urrúsúcháin nach n-áirítear in ACTP'; (c) 'Suíomhanna urrúsúcháin a áirítear in ACTP'.
0030	Buicéad1	Airteagal 325y(3), Airteagal 325aa(4) agus Airteagal 325ad(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	Tuairisceofar an buicéad. I gcás ina gcomhfhreagraíonn an aicme riosca a thuairiscítear i gcolún 0020 do 'neamhurrúsúcháin', ceann díobh seo a leanas a bheidh mar fhreagra: (a) 'Corparáidí'; (b) 'Stáit cheannasacha'; (c) 'Rialtais áitiúla/bardais'. Ina ionad sin, i gcás ina gcomhfhreagraíonn an aicme riosca a thuairiscítear i gcolún 0020 do 'urrúsúcháinnach n-áirítear in ACTP', (a) thuas nó ceann díobh seo a leanas a bheidh mar fhreagra: (d) 'ABCP - an Áise'; (e) 'ABCP - an Eoraip'; (f) 'ABCP - Meiriceá Thuaidh'; (g) 'ABCP - an chuid eile den domhan'; (h) 'Iasachtaí/léasanna le haghaidh gluaisteáin - an Áise'; (i) 'Iasachtaí/léasanna le haghaidh gluaisteáin - an Eoraip'; (j) 'Iasachtaí/léasanna le haghaidh gluaisteáin - Meiriceá Thuaidh'; (k) 'Iasachtaí/léasanna le haghaidh gluaisteáin - an chuid eile den domhan'; (l) Oibleagáidí fiachais atá comhthaobhaithe - cearnaithe - an Áise'; (m) Oibleagáidí fiachais atá comhthaobhaithe - cearnaithe - an Eoraip'; (n) Oibleagáidí fiachais atá comhthaobhaithe - cearnaithe - Meiriceá Thuaidh'; (o) Oibleagáidí fiachais atá comhthaobhaithe - cearnaithe - an chuid eile den domhan'; (p) 'Oibleagáidí iasachta atá comhthaobhaithe - an Áise'; (q) 'Oibleagáidí iasachta atá comhthaobhaithe - an Eoraip'; (r) 'Oibleagáidí iasachta atá comhthaobhaithe - Meiriceá Thuaidh'; (s) 'Oibleagáidí iasachta atá comhthaobhaithe - an chuid eile den domhan'; (t) 'Urrúis thráchtálacha le taca morgáistí (CMBS) - an Áise'; (u) 'Urrúis thráchtálacha le taca morgáistí (CMBS) - an Eoraip'; (v) 'Urrúis thráchtálacha le taca morgáistí (CMBS) - Meiriceá Thuaidh'; (w) 'Urrúis thráchtálacha le taca morgáistí (CMBS) - an chuid eile den domhan'; (x) 'Cártaí creidmheasa - an Áise'; (y) 'Cártaí creidmheasa - an Eoraip'; (z) 'Cártaí creidmheasa - Meiriceá Thuaidh'; (aa) 'Cártaí creidmheasa - an chuid eile den domhan'; (bb) 'Miondíol eile - an Áise'; (cc) 'Miondíol eile - an Eoraip'; (dd) 'Miondíol eile - Meiriceá Thuaidh';

Colún	Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
			(ee) 'Miondíol eile - an chuid eile den domhan'; (ff) 'Mórdhíol eile - an Áise'; (gg) 'Mórdhíol eile - an Eoraip'; (hh) 'Mórdhíol eile - Meiriceá Thuaidh'; (ii) 'Mórdhíol eile - an chuid eile den domhan'; (jj) 'Urrúis le taca morgáistí cónaithe (RMBS) - an Áise'; (kk) 'Urrúis le taca morgáistí cónaithe (RMBS) - an Eoraip'; (ll) 'Urrúis le taca morgáistí cónaithe (RMBS) - Meiriceá Thuaidh'; (mm) 'Urrúis le taca morgáistí cónaithe (RMBS) - an chuid eile den domhan'; (nn) 'Fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) - an Áise'; (oo) 'Fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) - an Eoraip'; (pp) 'Fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) - Meiriceá Thuaidh'; (qq) 'Fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) - an chuid eile den domhan'; (rr) 'Iasachtaí do mhic léinn - an Áise'; (ss) 'Iasachtaí do mhic léinn - an Eoraip'; (tt) 'Iasachtaí do mhic léinn - Meiriceá Thuaidh'; (uu) 'Iasachtaí do mhic léinn - an chuid eile den domhan'. Ina ionad sin, i gcás ina gcomhfhreagraíonn an aicme riosca a thuairiscítear i gcolún 0020 do 'urrúsúcháin a áirítear in ACTP', is é 'urrúsúcháin a áirítear in ACTP' a bheidh mar fhreagra.
0040	Buicéad2	Airteagal 325ad(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	I gcás ina gcomhfhreagraíonn an aicme riosca a thuairiscítear i gcolún 0020 do 'urrúsúcháin a áirítear in ACTP', ainm an innéacs a bheidh mar fhreagra, i gcásanna eile tuairisceofar (NEAMHNÍ).
0050	Féichiúnaí	Airteagail 325v(2), Airteagal 325x(1), agus Airteagal 325z agus 325ac de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	Tuairisceoidh institiúidí faisnéis a bhaineann leis an bhféichiúnaí. I gcás ina gcomhfhreagraíonn an aicme riosca a thuairiscítear i gcolún 0020 do na nithe seo a leanas: — 'Ionstraimí seachas suíomhanna urrúsúcháin', ainm an fhéichiúnaí a bheidh mar fhreagra; — 'suíomhanna urrúsúcháin nach n-áirítear in ACTP', ainm an fhéichiúnaí nó aitheantóir uathúil lena gcuirtear comhthiomsú agus tráinse na sócmhainne foluití in iúl a bheidh mar fhreagra; — 'suíomhanna urrúsúcháin a áirítear in ACTP', aitheantóir uathúil lena gcuirtear fine, sraith agus tráinse innéacs in iúl a bheidh mar fhreagra.
0060	Catagóir cáilíochta creidmheasa	Airteagail 325y(1) agus (2), Airteagal 325aa(1) agus Airteagal 325ad(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	Tuairisceoidh na hinstitiúidí an cháilíocht chreidmheasa. Ceann díobh seo a leanas a bheidh mar fhreagra: (a) 'CQS 1'; (b) 'CQS 2'; (c) 'CQS 3'; (d) 'CQS 4'; (e) 'CQS 5'; (f) 'CQS 6'; (g) 'Níor sannadh CQS (gan rátáil)';

Colún	Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
			(h) 'Níor sannadh CQS (mainneachtana)'; (i) 'Níor sannadh CQS (0 % ualú riosca'). I gcás ina gcomhfhreagraíonn an aicme riosca a thuairiscítear i gcolún 0020 do 'urrúsúcháin a áirítear in ACTP' nó 'Urrúsúcháin nach n-áirítear in ACTP', is é ceann de na freagraí thuas nó ceann de na nithe seo a leanas a bheidh mar fhreagra: (j) 'CQS 7'; (k) 'CQS 8'; (l) 'CQS 9'; (m) 'CQS 10'; (n) 'CQS 11'; (o) 'CQS 12'; (p) 'CQS 13'; (q) 'CQS 14'; (r) 'CQS 15'; (s) 'CQS 16'; (t) 'CQS 17'; (u) 'CQS Gach Ceann Eile';
0070	Ualú riosca mainneachtana	Airteagal 325v(1), pointe (f), Airteagal 325y(1) agus (2), Airteagal 325aa(1) agus Airteagal 325ad(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	Tuairisceoidh institiúidí an t-ualú riosca ábhartha. Tuairisceofar na hualuithe riosca a chuirtear i bhfeidhm maidir le neamhchosaintí urrúsúcháin tar éis iolrú faoi 8 % i gcomhréir le hAirteagal 325aa(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.
0080	Sinsearacht	Airteagal 325w(3) agus (6) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	Tuairisceofar sinsearacht na neamhchosanta. I gcás ina gcomhfhreagraíonn an aicme riosca a thuairiscítear i gcolún 0020 do 'Ionstraimí seachas suíomhanna urrúsúcháin' nó 'suíomhanna urrúsúcháin nach n-áirítear in ACTP', ceann díobh seo a leanas a bheidh mar fhreagra: (a) 'Ionstraimí cothromais'; (b) 'Ionstraimí fiachais neamhshinsearaigh'; (c) 'Ionstraimí fiachais shinsearaigh'; (d) 'Bannaí faoi chumhdach'. Fágfar an chill bán i gcás nach bhfuil feidhm ag aon cheann de na cásanna sin.
0090	Aibíocht	Airteagail 325x, 325z agus 325ac de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	Tuairisceofar dáta aibíochta na neamhchosanta. Glacfar an coinbhinsiún 'll/mm/bbbb' chun an dáta a thuairisciú.

Colún	Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
0100	Ráta aisghabhála	Airteagal 325v(1), pointe (e), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	Tuairisceoidh na hinstitiúidí an ráta aisghabhála. Déanfar an ráta aisghabhála a ríomh trí úsáid a bhaint as an gcaillteanas i gcás mainneachtana (LGD) is infheidhme mar ráta aisghabhála = 1 - LGD. Sloinnfear figiúr tuairiscithe an ráta aisghabhála mar luach deachúil, idir 0 agus 1, agus beidh íosbheachtas go dtí an ceathrú deachúil aige.
0110	Treo	Airteagal 325v(1), pointí (a) agus (b), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	Tuairisceoidh institiúidí treo na neamhchosanta i gcomhréir le sainmhínithe Airteagal 325v(1), pointí (a) agus (b), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Ceann díobh seo a leanas a bheidh mar fhreagra: (a) 'Neamhchosaint ghearr'; (b) 'Neamhchosaint fhada'.
0120	Pointe astaithe (%)	Airteagail 325aa agus 325ad de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	I gcás ina dtagraíonn an neamhchosaint a thuairiscítear do thráinse, tuairisceoidh institiúidí pointe astaithe an tráinse. Sloinnfear an figiúr tuairiscithe mar dheachúil agus beidh íosbheachtas go dtí an ceathrú deachúil aige.
0130	Pointe dí-astaithe (%)	Airteagail 325aa agus 325ad de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	I gcás ina dtagraíonn an neamhchosaint a thuairiscítear do thráinse, tuairisceoidh institiúidí pointe dí-astaithe an tráinse. Sloinnfear an figiúr tuairiscithe mar dheachúil agus beidh íosbheachtas go dtí an ceathrú deachúil aige.
0140-0170	Torthaí an airgeadra tuairiscithe		Tuairisceofar na luachanna agus tagairt á déanamh d'airgeadra tuairiscithe na hinstitiúide agus déanfar iad a shloinneadh le híosbheachtas go dtí an dara deachúil, i gcás inarb infheidhme.
0140	Méid Barúlach	Airteagal 325w(1), (2) agus (5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	I gcás ina gcomhfhreagraíonn an aicme riosca a thuairiscítear i gcolún 0020 do 'Ionstraimí seachas suíomhanna urrúsúcháin'. tuairisceoidh institiúidí méid barúlach na hionstraime. Comhfhreagróidh an luach don téarma $V_{barúlach}$ in Airteagal 325w(1) agus (2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 nó don téarma V in Airteagal 325w(5) den Rialachán sin, ag brath ar an gcineál neamhchosanta. Fágfar an chill bán i gcás nach bhfuil feidhm ag aon cheann de na cásanna sin nó i gcás nach ndéanann an institiúid an méid atá le tuairisciú sa cholún seo a ríomh nó a úsáid go sainráite chun Ollmhéid JTD a mheas.
0150	B&C + Coigeartú	Airteagal 325w(1), (2) agus (5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	Tuairisceoidh institiúidí suim B&C agus Coigeartú le haghaidh gach neamhchosanta: — I gcás ina gcomhfhreagraíonn an aicme riosca a thuairiscítear i gcolún 0020 do 'Ionstraimí seachas suíomhanna urrúsúcháin' agus i gcás inarb ionann an neamhchosaint a thuairiscítear agus neamhchosaint fhada, tuairisceoidh institiúidí suim $B\&C_{fada}$ agus $Coigeartú_{fada}$ i gcomhréir le hAirteagal 325w(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. — I gcás ina gcomhfhreagraíonn an aicme riosca a thuairiscítear i gcolún 0020 do 'Ionstraimí seachas suíomhanna urrúsúcháin' agus i gcás inarb ionann an neamhchosaint a thuairiscítear agus neamhchosaint ghearr, tuairisceoidh institiúidí suim $B\&C_{gearr}$ agus $Coigeartú_{gearr}$ i gcomhréir le hAirteagal 325w(2) den Rialachán sin.

Colún	Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
			Fágfar an chill bán i gcás nach bhfuil feidhm ag aon cheann de na cásanna sin nó i gcás nach ndéanann an institiúid an méid atá le tuairisciú sa cholún seo a ríomh nó a úsáid go sainráite chun Ollmhéid JTD a mheas.
0160	Ollmhéid JTD	Airteagal 325v(1), pointe (c), Airteagal 325w(1), (2) agus (5), Airteagal 325z(1) agus Airteagal 325ac(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	Tuairisceoidh institiúidí an t-ollmhéid JTD le haghaidh na neamhchosanta sonraí.
0170	Airgeadra		Tuairisceofar airgeadra tuairiscithe na hinstitiúide (leanfaidh an luach tuairiscithe ainmníocht airgeadra ISO 4217).
0180-0200	Torthaí airgeadra na punainne ÚBE	Ranna 3 agus 4 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo agus Airteagal 325y, 325aa agus 325ad de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	Tuairisceofar na luachanna de réir na dtreoracha le haghaidh cholún 0030 ach aistreofar iad ar spotráta malairte BCE a bhaineann le hairgeadra na punainne mar a shainítear i Ranna 3 agus 4 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo.
0180	Méid Barúlach	Airteagal 325w(1), (2) agus (5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	I gcás ina gcomhfhreagraíonn an aicme riosca a thuairiscítear i gcolún 0020 do 'Ionstraimí seachas suíomhanna urrúsúcháin' tuairisceoidh institiúidí méid barúlach na hionstraime. Comhfhreagróidh an luach don téarma $V_{barúlach}$ in Airteagal 325w(1) agus (2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 nó don téarma V in Airteagal 325w(5) den Rialachán sin, ag brath ar an gcineál neamhchosanta. Fágfar an chill bán i gcás nach bhfuil feidhm ag aon cheann de na cásanna sin nó i gcás nach ndéanann an institiúid an méid atá le tuairisciú sa cholún seo a ríomh nó a úsáid go sainráite chun Ollmhéid JTD a mheas.
0190	B&C + Coigeartú	Airteagal 325w(1), (2) agus (5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	Tuairisceoidh institiúidí suim B&C agus Coigeartú le haghaidh gach neamhchosanta: — I gcás ina gcomhfhreagraíonn an aicme riosca a thuairiscítear i gcolún 0020 do 'Ionstraimí seachas suíomhanna urrúsúcháin' agus i gcás inarb ionann an neamhchosaint a thuairiscítear agus neamhchosaint fhada, tuairisceoidh institiúidí suim $B\&C_{fada}$ agus $Coigeartú_{fada}$ i gcomhréir le hAirteagal 325w(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. — I gcás ina gcomhfhreagraíonn an aicme riosca a thuairiscítear i gcolún 0020 do 'Ionstraimí seachas suíomhanna urrúsúcháin' agus i gcás inarb ionann an neamhchosaint a thuairiscítear agus neamhchosaint ghearr, tuairisceoidh institiúidí suim $B\&C_{gearr}$ agus $Coigeartú_{gearr}$ i gcomhréir le hAirteagal 325w(2) den Rialachán sin.

Colún	Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
			Fágfar an chill bán i gcás nach bhfuil feidhm ag aon cheann de na cásanna sin nó i gcás nach ndéanann an institiúid an méid atá le tuairisciú sa cholún seo a ríomh nó a úsáid go sainráite chun Ollmhéid JTD a mheas.
0200	Ollmhéid JTD	Airteagal 325v(1), pointe (c), Airteagal 325w(1), (2) agus (5), Airteagal 325z(1) agus Airteagal 325ac(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	Tuairisceoidh institiúidí an t-ollmhéid mainneachtana gan choinne (JTD) le haghaidh na neamhchosanta sonraí.

C 120.05 – DRC. COMHDHÉANAMH OFR DE RÉIR PUNAINNE

Treoracha maidir leis na bileoga (z-ais)

Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
Punann	Ranna 3, 4 agus 5 d'Iarscríbhinn V	Tuairisceofar uimhir na punainne atá le fáil in Iarscríbhinn V.

Colún	Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
0010	Aicme riosca	Airteagal 325v(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	Tuairisceofar an aicme riosca a dtuairiscítear an ceanglas maidir le riosca mainneachtana ina leith i gcolúin 0030 agus 0040. Ceann de na cineálacha uirlisí seo a leanas a bheidh mar fhreagra: (a) 'ionstraimí seachas suíomhanna urrúsúcháin'; (b) 'suíomhanna urrúsúcháin nach n-áirítear in ACTP'; (c) 'suíomhanna urrúsúcháin a áirítear in ACTP'.
0020	Buicéad1	Airteagal 325y(3), Airteagal 325aa(4) agus Airteagal 325ad(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	Tuairisceofar an buicéad. I gcás ina gcomhfhreagraíonn an aicme riosca a thuairiscítear i gcolún 0010 do 'Ionstraimí seachas suíomhanna urrúsúcháin', ceann díobh seo a leanas a bheidh mar fhreagra: (a) 'corparáidí'; (b) 'stáit cheannasacha'; (c) 'rialtais áitiúla/bardais'.

Colún	Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
